



Uimhir 7 de 1991

An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 7 de 1991

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH

Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.
2. Léiriú.

CUID II

MÉADUITHE

3. Sochair árachais shóisialaigh (rátaí nua).
4. Íocaíochtaí cúnamh shóisialaigh (rátaí nua).
5. Sochar linbh.
6. Míniú ar “leanbh cáilithe”.
7. Forlíonadh ar ioncam teaghlaigh.
8. Liúntas cúramóra.
9. Íocaíochtaí tar éis bháis.
10. Aisghairm.
11. Íocaíocht íosta cúnamh dífhostaíochta.
12. Ranníocaí árachais shóisialaigh pá-choibhneasa (méadú ar uasteorainneacha tuillimh).
13. Méadú ar uasteorainn tuillimh agus ar ranníocaí íosta is iníoctha ag ranníocóirí féinfhostaithe.
14. Ranníocaí féinfhostaíochta.
15. Ranníocaí saorálacha ag ranníocóirí féinfhostaithe.
16. Sochar pá-choibhneasa.

CUID III

COINNÍOLLACHA RANNÍOCA MAIDIR LE SOCHAIR GHEARRTHÉARMA

Alt

17. Coinníollacha maidir le sochar a fháil.
18. Leasú ar alt 19 den Phríomh-Acht (coinníollacha maidir le sochar a fháil).
19. Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht (coinníollacha maidir le sochar a fháil).
20. Leasú ar alt 89 den Phríomh-Acht (coinníollacha maidir le sochar a fháil).
21. Forálacha máithreachais a chaighdeánú.
22. Inárachaitheacht eachtar-oibrithe agus bainisteoirí oifigí fostaíochta.

CUID IV

COINNÍOLLACHA RANNÍOCA MAIDIR LE PINSIN

23. Coinníollacha maidir le pinsean seanaoise (ranníocach) a fháil.
24. Coinníollacha maidir le pinsean scoir a fháil.
25. Leasuithe iarmhartacha a thig as coinníollacha athbhreithnithe maidir le pinsean seanaoise (ranníocach) agus pinsean scoir a fháil.
26. Cumhacht chun deireadh a chur le deacrachtaí.
27. Feidhm *Chuid IV*.

CUID V

BEARTA CHUN MÍ-ÚSÁID A CHOMHRAC

28. Faisnéis a éilíonn an tAire.
29. Mainneachtain taifid a choimeád.

Alt

30. Cionta.
31. Fostóirí do choimeád cóipeanna de ráitis a eisítear faoin Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973.
32. Leasú ar alt 20 d'Acht 1988 (ionchúisimh).
33. Ionadaithe pearsanta do thabhairt faisnéise don Aire.
34. Leasú ar alt 169 den Phríomh-Acht (imeachtaí dlíthiúla).
35. Cinntí athbhreithnithe.
36. Ranníocaí fostaíochta i bhfoirceannadh.
37. Leasú ar alt 285(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.
38. Suimeanna a bheidh dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh a ghnóthú.

CUID VI

RANNÍOCAÍ LEITHLEACHA DÍOBHÁLACHA CEIRDE AGUS
IOMARCAÍOCHTA FOSTÓRA A CHÓNASCADH LE RANNÍOCAÍ ÁRACHAIS
SHÓISIALAIGH FOSTÓRA

39. Ranníoc iomarcaíochta fostóra a chónascadh le ranníoc árachais shóisialaigh fostóra.
40. Ranníoc fostóra i leith díobhálacha ceirde a chónascadh le ranníoc árachais shóisialaigh fostóra.

CUID VII

ILGHNÉITHEACH

41. Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, díolúintí maidir le tástáil acmhainne.
42. Laethanta feithimh.

Alt

43. Forálacha forluiteacha.
44. Cúiteamh maidir le liúntas leasa forlíontach.
45. Liúntas leasa forlíontach a ríomh.
46. Liúntas cothabhála duine mhíchumasaithe.
47. Forlíonadh ar ioncam teaghlaigh (léiriú).
48. Míniú ar “céile”.
49. Athcháiliú le haghaidh sochair dífhostaíochta.
50. Teideal chun sochair dífhostaíochta agus cúnaimh dífhostaíochta.
51. Neamhaird ar acmhainn i gcás faighteoirí áirithe cúnaimh dífhostaíochta.
52. Tréimhse nasctha in éilimh cúnaimh dífhostaíochta.
53. Fógra i dtaobh méadaithe ar acmhainn.
54. Buiséadú i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh.
55. Ré íocaíochta sochair míchumais.
56. Acmhainn a mheasúnú.
57. Ceadú an Aire Airgeadais i ndáil le rialacháin áirithe.
58. Aisghairm.
59. Rialacháin i ndáil le sochar nó cúnamh.

CUID VIII

LEASUITHE AR ACHT NA bPINSEAN

60. An Bord d’fháil iasachtaí.
61. Leasú ar alt 37 d’Acht na bPinsean.

Alt

- 62. Leasú ar alt 55 d'Acht na bPinsean.
- 63. Leasú ar alt 56 d'Acht na bPinsean.
- 64. Leasú ar an Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na bPinsean.

SCEIDEAL A

SCEIDEAL B

SCEIDEAL C

SCEIDEAL D

NA hAchtanna dá dTagraítear

Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990	
Na hAchtanna Fórsaí Cosanta (Pinsin), 1932 go 1975	
An tAcht Airgeadais, 1986	1986, Uimh. 13
An tAcht Sláinte, 1947	1947, Uimh. 28
An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
An tAcht um Chosaint Mháithreachais d'Fhostaithe, 1981	1981, Uimh. 2
An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973	1973, Uimh. 4
Acht na bPinsean, 1990	1990, Uimh. 25
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984	1984, Uimh. 21
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 1990	
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	1967, Uimh. 21
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979	1979, Uimh. 7
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1990	
An tAcht Leasa Shóisialaigh, (Comhdhlúthú), 1981	1981, Uimh. 1
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Leasú), 1981	1981, Uimh. 3
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1982	1982, Uimh. 2
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1983	1983, Uimh. 6
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1984	1984, Uimh. 5
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Uimh. 2), 1985	1985, Uimh. 14
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1986	1986, Uimh. 8
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1987	1987, Uimh. 2
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Uimh. 2), 1987	1987, Uimh. 29
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1988	1988, Uimh. 7
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1989	1989, Uimh. 4
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1990	1990, Uimh. 5
Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, 1981 go 1990	



Uimhir 7 de 1991

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA hACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH, 1981 GO 1990, AGUS CHUN NA gCRÍOCH SIN DO LEASÚ ALT 69 DEN ACHT SLÁINTE, 1970, AGUS ALT 285(2) D'ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 1963, AGUS DO DHÉANAMH SOCRU CHUN RANNÍOCAÍ LEITHLEACHA DÍOBHÁLACHA CEIRDE AGUS IOMARCAÍOCHTA FOSTÓRA A CHÓNASCADH LE RANNÍOCAÍ ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH FOSTÓRA, DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ ACHT NA bPINSEAN, 1990, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [1 *Aibreán*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH

1.—(1) Féadfar an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1991, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

(2) Déanfar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, 1981 go 1990, agus an tAcht seo seachas ailt 37, 39, 46 agus 60 go 64 den Acht seo agus fo-alt (3) den alt seo a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, 1981 go 1991, a ghairm díobh le chéile.

(3) Déanfar alt 39 (seachas fo-alt (2)) agus na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1990, a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991, a ghairm díobh le chéile.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981;

ciallaíonn “Acht 1983” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1983;

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1984;

ciallaíonn “Acht Uimh. 2 de 1985” an tAcht Leasa Shóisialaigh (Uimh. 2), 1985;

ciallaíonn “Acht 1986” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1986;

ciallaíonn “Acht 1987” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1987;

ciallaíonn “Acht Uimh. 2 de 1987” an tAcht Leasa Shóisialaigh (Uimh. 2), 1987;

ciallaíonn “Acht 1988” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1988;

ciallaíonn “Acht 1989” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1989;

ciallaíonn “Acht 1990” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1990;

ciallaíonn “Acht na bPinsean” Acht na bPinsean, 1990.

(2) Aon tagairtí san Acht seo nó in aon achtachán eile do “na hAchtanna Leasa Shóisialaigh” ciallaíonn siad an Príomh-Acht agus gach achtachán eile atá le forléiriú le chéile leis mar aon ní amháin.

CUID II

MÉADUITHE

Sochair árachais
shóisialaigh (rátaí
nua).

3.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht trí na Codanna atá leagtha amach i Sceideal A a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad Chodanna I go IV (a cuireadh isteach le halt 3 d’Acht 1990) den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh—

(a) a mhéid a bhaineann sé le sochar dífhostaíochta, le sochar banchéile thréigthe, le pinsean easláine agus le pinsean scoir, an 25ú lá d’Iúil, 1991,

- (b) a mhéid a bhaineann sé le sochar báis faoi alt 50, 51 nó 52 den Phríomh-Acht, le pinsean seanaoise (ranníocach), le sochar marthanóra, le pinsean baintrí (ranníocach) agus le liúntas dílleachta (ranníocach), an 26ú lá d'Iúil, 1991, agus
- (c) a mhéid a bhaineann sé le sochar míchumais, le liúntas máithreachais, le sochar díobhála, le haisce mhíthreorach agus le pinsean míthreorach, an 29ú lá d'Iúil, 1991.

4.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht trí na Codanna atá leagtha amach i Sceideal B a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad Chuid I (a cuireadh isteach le halt 14 d'Acht 1990) agus Chuid III (a cuireadh isteach le halt 4 d'Acht 1990) den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin. Íocaíochtaí cúnamh shóisialaigh (rátaí nua).

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh—

- (a) a mhéid a bhaineann sé le cúnamh dífhostaíochta, an 24ú lá d'Iúil, 1991,
- (b) a mhéid a bhaineann sé le liúntas réamhscoir, le liúntas banchéile thréigthe, le liúntas do banchéile príosúnaigh, le liúntas do bhean shingil, le liúntas tuismitheora aonair (seachas liúntas tuismitheora aonair is iníoctha i leith baintrí nó baintrí fir) agus le liúntas cúramóra, an 25ú lá d'Iúil, 1991,
- (c) a mhéid a bhaineann sé le pinsean seanaoise, le pinsean dall, le pinsean baintrí (neamhranníocach), le liúntas tuismitheora aonair is iníoctha le baintreach nó le baintreach fir, an 26ú lá d'Iúil, 1991, agus
- (d) a mhéid a bhaineann sé le liúntas leasa forlíontach, an 29ú lá d'Iúil, 1991.

5.—(1) Leasaítear leis seo alt 225 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 5 d'Acht 1989): Sochar linbh.

“(1) Faoi réir na Coda seo agus na rialachán fúithi, aon duine atá cáilithe le haghaidh sochair linbh, íocfar leis, fad a bheidh sé cáilithe amhlaidh, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, sochar míosúil arb é a bheidh ann an méid atá leagtha amach i gcolún (1) de Chuid

IV den Cheathrú Sceideal i leith gach linbh den chéad triúr leanbh cáilithe agus, ina theannta sin, an méid atá leagtha amach i gcolún (2) den Chuid sin i leith gach linbh cháilithe (más ann) de bhreis ar thriúr.”.

(2) Leasaítear leis seo an Ceathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur in ionad Chuid IV (a cuireadh isteach le halt 5 d’Acht 1990):

“CUID IV

NA MÉIDEANNA SOCHAIR LINBH

An méid i leith gach linbh den chéad triúr leanbh (1)	An méid i leith gach linbh de bhreis ar thriúr (2)
£15.80	£22.90

”.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lú lá de Dheireadh Fómhair, 1991.

Míniú ar “leanbh cáilithe”.

6.—(1) Leasaítear leis seo alt 2(1) den Phríomh-Acht tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “leanbh cáilithe” (a cuireadh isteach le halt 6 d’Acht 1990):

“ciallaíonn ‘leanbh cáilithe’ duine a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát, nach bhfuil faoi choinneáil i scoil cheartúcháin nó i scoil saothair, agus—

(a) chun críocha—

(i) ailt 21(2), 26A(1) agus 32(2),

(ii) alt 44(2) mar atá feidhm aige maidir le sochar díobhála, agus

(iii) alt 139(b) i gcás iarratasóra ar chúnamh dífhostaíochta seachas iarratasóir dá dtagraítear i mír (b),

atá faoi bhun 18 mbliana d’aois,

(b) chun críocha—

- (i) alt 44(2) mar atá feidhm aige maidir le pinsean míthreorach,
- (ii) ailt 50(9), 81(2), 86(2), 91(2), 95(1), 103(1), 156B(1)(b), 161(1), 178(1), 198C(1) agus 198I(1), agus 232A, agus
- (iii) alt 139(b) i gcás iarratasóra a bheidh in aon tréimhse leanúnach dífhostaíochta mar a fhorléirítear de réir alt 135(2), ag fáil sochair dífhostaíochta nó cúnaimh dífhostaíochta ar feadh 390 lá ar a laghad—

(I) atá faoi bhun 18 mbliana d’aois, nó

(II) atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn agus faoi bhun 21 bhliain d’aois agus atá ag fáil oideachas lánaimseartha, a sonrófar na himthosca ina leith i rialacháin.”.

(2) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i) de mhír (b) d’fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 12 d’Acht 1983) d’alt 223:

“(i) go bhfuil sé ag fáil oideachas lánaimseartha, a sonrófar na himthosca ina leith i rialacháin, nó”.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lú lá de Mheitheamh, 1991, ach amháin a mhéid a bhaineann sé leis an míniú ar “leanbh cáilithe” (a cuireadh isteach le fo-alt (1) den alt seo) in alt 2(1) den Phríomh-Acht chun críocha alt 139(b) den Acht sin, tiocfaidh sé i ngníomh an 29ú lá de Bhealtaine, 1991, agus chun críocha alt 232A den Acht sin tiocfaidh sé i ngníomh an 24ú lá de Dheireadh Fómhair, 1991.

7.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur in ionad ailt 232B agus 232C (a cuireadh isteach le halt 13 d’Acht 1984 agus a leasaíodh le halt 5 d’Acht 1988):

Forlíonadh ar ioncam teaghlaigh.

“Teideal chun
forlíonadh ar ioncam
teaghlaigh.

232B.—Faoi réir na Coda seo, beidh liúntas (dá ngairtear “forlíonadh ar ioncam teaghlaigh” sa Chuid seo) iníoctha as airgead a sholáthróidh an tOireachtas i leith teaghlaigh más lú an t-ioncam seachtainiúil teaghlaigh ná—

- (a) i gcás teaghlach nach bhfuil ach aon leanbh amháin ar áireamh ann, £140, nó
- (b) i gcás teaghlach a bhfuil dhá leanbh ar áireamh ann, £160, nó
- (c) i gcás teaghlach a bhfuil triúr leanbh ar áireamh ann, £180, nó
- (d) i gcás teaghlach a bhfuil ceathrar leanbh ar áireamh ann, £200, nó
- (e) i gcás teaghlach a bhfuil cúigear leanbh ar áireamh ann, £225, nó
- (f) i gcás teaghlach a bhfuil seisear leanbh ar áireamh ann, £242, nó
- (g) i gcás teaghlach a bhfuil seachtar leanbh ar áireamh ann, £259, nó
- (h) i gcás teaghlach a bhfuil ochtar leanbh nó níos mó ar áireamh ann, £276.

An ráta seachtainiúil
d’fhorlíonadh ar
ioncam teaghlaigh.

232C. (1) Faoi réir na Coda seo, is é a bheidh sa ráta seachtainiúil d’fhorlíonadh ar ioncam teaghlaigh ná 60 faoin gcéad den mhéid ar lú an t-ioncam seachtainiúil teaghlaigh ná an méid is iomchuí sa chás ar leith faoi alt 232B.

(2) Le linn an ráta seachtainiúil d’fhorlíonadh ar ioncam teaghlaigh a bheith á ríomh de bhun fho-alt (1), déileálfar le haon chodán de £1 mar £1 agus i gcás an ráta seachtainiúil a ríomhfear amhlaidh a bheith faoi bhun méid fhorordaithe, beidh an forlíonadh iníoctha de réir an mhéid fhorordaithe.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 25ú lá d’Iúil, 1991.

8.—(1) Leasaítear leis seo alt 198G (a cuireadh isteach le halt 17 Liúntas cúramóra. d’Acht 1990) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “pinsinéir iomchuí”:

“ciallaíonn ‘pinsinéir iomchuí duine (seachas duine a fhaigheann íocaíocht mar gheall ar shíorfhreastal a bheith riachtanach faoi alt 46) atá chomh héagumasach sin go dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha uaidh agus, faoi fhorálacha an Achta seo—

(a) a fhaigheann—

(i) pinsean seanaoise (ranníocach),

(ii) pinsean easláine,

(iii) pinsean seanaoise (neamhranníocach),

(iv) pinsean dall,

(v) liúntas cothabhála faoi alt 69 den Acht Sláinte, 1970, nó

(vi) íocaíocht atá ar comhréir le pinsean dá dtagraítear i bhfomhír (i) le duine atá os cionn aoise inphinsin, nó i bhfomhír (ii) ó Bhallstát eile de na Comhphobail Eorpacha, nó faoi reachtaíocht aon Stáit eile lena bhfuil socrú cómhalartach déanta ag an Aire faoi fhorálacha alt 307, nó

(b) a bhfuil aois inphinsin slánaithe aige agus a fhaigheann—

(i) sochar báis ar mhodh pinsin baintrí nó pinsin baintrí fir,

(ii) sochar báis ar mhodh pinsin tuismitheora,

(iii) pinsean scoir,

(iv) pinsean baintrí (ranníocach),

(v) sochar banchéile thréigthe,

(vi) pinsean baintrí (neamhranníocach),

(vii) liúntas banchéile thréigthe,

(viii) liúntas banchéile príosúnaigh,

(ix) liúntas tuismitheora aonair, nó

(x) íocaíocht atá ar comhréir le pinsean dá dtagraítear i bhfomhír (i), (ii), (iii) nó (iv) ó Bhallstát eile de na Comhphobail Eorpacha, nó faoi reachtaíocht aon Stáit eile lena bhfuil socrú cómhalartach déanta ag an Aire faoi fhorálacha alt 307;”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Chun críocha fho-alt (1), measfar go mbeidh cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil ó phinsinéir iomchuí—

(a) i gcás an oiread sin de mhíthreoir nó d’easlán a bheith air nach foláir do dhuine eile—

(i) maoirseacht leanúnach a dhéanamh air le go seachnófar contúirt dó féin, nó

(ii) maoirseacht leanúnach a dhéanamh air, agus aire a thabhairt dó go minic, i gcaitheamh an lae i ndáil le gnáthfheidhmeanna coirp, agus

(b) i gcás an oiread sin de mhíthreoir nó d’easlán a bheith air gur dócha go mbeidh cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil uaidh go ceann tréimhse 12 mhí ar a laghad.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 1981 (a cuireadh isteach le halt 17 d’Acht 1990) den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) D’ainneoin fho-alt (2), más rud é, díreach roimh thosach feidhme na Caibidle seo, go raibh liúntas gaoil fhorordaithe á íoc le héilitheoir ar liúntas cúramóra, nó á íoc ina leith, íocfar an liúntas cúramóra de réir ráta sheachtainiúil a bheidh ar comhréir leis an liúntas gaoil fhorordaithe a

shonraítear i gcolún (6) de Chuid I den Cheathrú Sceideal, mura mó ná an ráta sonraithe sin an ráta seachtainiúil liúntais cúramóra, arna ríomh de réir fho-alt (2), is iníoctha leis an éilitheoir sin.”.

(3) Leasaítear leis seo alt 198L(2) (a cuireadh isteach le halt 17 d’Acht 1990) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) a fhoráil—

(i) go mbeidh teideal chun liúntais cúramóra ag cibé aicme nó aicmí duine a bheidh forordaithe agus a mbeadh teideal acu chuige mura mbeadh nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le hacmhainn, arna ríomh de réir na Rialacha atá sa Tríú Sceideal, nó

(ii) go mbeidh teideal chun liúntais cúramóra de réir ráta is airde ná an ráta sin a ríomhtar de réir fho-alt (2) d’alt 1981 ag cibé aicme nó aicmí duine a bheidh forordaithe,

agus féadfar an ráta liúntais is iníoctha amhlaidh a athrú de réir acmhainn an éilitheora.”.

(4) (a) Tiocfaidh mír (a) d’fho-alt (1) den alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

(b) Tiocfaidh fo-alt (2) den alt seo i ngníomh an 25ú lá d’Iúil, 1991.

9.—(1) Leasaítear leis seo alt 125 den Phríomh-Acht—

Íocaíochtaí tar éis bháis.

(a) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh mhír (h):

“(i) forlíonadh do-fhostaitheachta,

(j) liúntas leasa forlíontach,

(k) liúntas réamhscoir,

(l) pinsean baintrí (ranníocach),

(m) liúntas tuismitheora aonair,

(n) sochar banchéile thréigthe,

(o) sochar báis faoi alt 50,

(p) liúntas cúramóra.”, agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) D’ainneoin aon fhorálacha dá mhalairt sa Chuid seo nó i gCuid III nó i rialacháin arna ndéanamh faoi na Codanna sin—

(a) i gcás duine atá ag fáil sochair a shonraítear i míreanna (a) go (k) d’fho-alt (1), ina n-áirítear méadú i leith cleithiúnaí aosaithe, nó ina n-áireofaí méadú den sórt sin murach céile an duine sin a bheith ag fáil pinsin faoi Chaibidil 3 de Chuid III nó ag fáil liúntais cúramóra faoi Chaibidil 5B de Chuid III ina cheart féin, d’fháil bháis, leanfar den sochar a íoc go ceann tréimhse 6 sheachtain tar éis an dáta báis agus, i gcaitheamh na tréimhse sin, íocfar é le cibé duine agus faoi réir cibé coinníollacha a bheidh forordaithe, agus

(b) i gcás leanbh cáilithe, a bhfuil méadú sochair á íoc ina leith, d’fháil bháis, leanfar de mhéid an mhéadaithe sin a íoc go ceann tréimhse 6 sheachtain tar éis an dáta báis, agus

(c) i gcás cleithiúnaí aosaithe, a bhfuil méadú sochair a shonraítear i mír (a), (b), (c), (g) nó (j) d’fho-alt (1) á íoc ina leith, nó a mbeadh méadú den sórt sin iníoctha ina leith murach an cleithiúnaí aosaithe sin a bheith ag fáil pinsin faoi Chaibidil 3 de Chuid III ina cheart féin, d’fháil bháis, leanfar den mhéadú sin a íoc go ceann tréimhse 6 sheachtain tar éis an dáta báis, agus

(d) faoi réir mhír (a), i gcás duine a bheith ag fáil liúntais cúramóra agus an pinsinéir iomchuí a

bhfuil an cúramóir sin ag tabhairt cúram agus aire lánaimseartha ina leith d'fháil bháis agus nach é an cúramóir céile an phinsinéara sin, leanfar den liúntas cúramóra a íoc go ceann tréimhse 6 sheachtain tar éis bháis an phinsinéara iomchuí, agus

(e) in aon chás ina ndéantar íocaíocht de bhua mhír (a) nó (c), ní thosóidh teideal chuig pinsean baintrí (ranníocach), pinsean baintrí (neamhranníocach), liúntas dílleachta (ranníocach), pinsean dílleachta (neamhranníocach), sochar faoi alt 87, sochar báis faoi alt 50 nó 52 nó teideal chuig liúntas tuismitheora aonair de bhua duine a bheith ina baintreach nó ina bhaintreach fir, go dtí go mbeidh an tréimhse 6 sheachtain a luaitear i mír (a) nó (c) caite ach amháin i gcás, agus sa mhéid, go bhforáiltear a mhalairt i rialacháin.

(3) San alt seo beidh le “pinsinéir iomchuí” an bhrí a shanntar dó le halt 198G(1).”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1ú lá d'Iúil, 1991.

10.—(1) Aisghairtear leis seo alt 33 den Phríomh-Acht.

Aisghairm.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 25ú lá d'Iúil, 1991.

11.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 140:

Íocaíocht
íosta cúnaimh
dífhostaíochta.

“Íocaíocht
íosta cúnaimh
dífhostaíochta.

140A.—(1) D'ainneoin fhorálacha alt 140 (1) (b), i gcás go ndéantar an t-aon acmhainn atá ag éilitheoir ar chúnamh dífhostaíochta, nach duine de lánúin, a mheasúnú faoi fhorálacha mhír (e) d'fho-alt (1) d'alt 146 agus i gcás gurb é a bheadh sa ráta cúnaimh is iníoctha le héilitheoir den sórt sin nó ina leith, arna ríomh de réir fhorálacha an ailt sin 140(1)(b), méid seachtainiúil is 10p nó níos mó ach nach lú ná £5, beidh an duine sin i dteideal íocaíocht cúnaimh dífhostaíochta a fháil de réir an ráta sheachtainiúil £5.

(2) (a) Chun críocha fho-alt (1) ciallaíonn “lánúin” lánúin phósta a chónaíonn le chéile nó fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta.

(b) Chun críocha mhír (e) d’fho-alt (1) d’alt 146 nuair a chuirtear i bhfeidhm í maidir le fo-alt (1) den alt seo ciallaíonn ‘céile’ gach duine de lánúin i ndáil leis an duine eile.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 24ú lá d’Iúil, 1991.

Ranníocaí árachais shóisialaigh pá-choibhneasa (méadú ar uasteorainneacha tuillimh).

12.—(1) Leasaítear leis seo alt 10(1) den Phríomh-Acht—

(a) trí “£19,300” a chur in ionad “£18,600” i mír (c) (arna leasú le halt 7 d’Acht 1990), agus

(b) trí “£18,000” a chur in ionad “£17,300” i mír (cc) (arna leasú le halt 7 d’Acht 1990).

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6ú lá d’Aibreán, 1991.

Méadú ar uasteorainn tuillimh agus ar ranníocaí íosta is iníoctha ag ranníocóirí féinfhostaithe.

13.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 17C (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 1988):

“Rátaí ranníocaí féinfhostaíochta agus ábhair ghaolmhara.

17C.—Íocfaidh ranníocóirí féinfhostaithe ranníocaí féinfhostaíochta de réir na bhforálacha seo a leanas:

(a) Faoi réir mhíreanna (b), (d) agus (i), más rud é in aon bhliain ranníoca go mbeidh ioncam ináirithe ag ranníocóir féinfhostaithe beidh ranníoc féinfhostaíochta iníoctha aige arb é a bheidh ann méid is ionann agus 5 faoin gcéad den ioncam ináirithe nó £234, cibé acu is mó.

- (b) Más rud é, maidir le haon bhliain ranníoca go gcuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim in iúl do ranníocóir féinfhostaithe nach gá dó tuairisceán ioncaim a dhéanamh de réir bhrí alt 48(1) den Acht Airgeadais, 1986, íocfaidh an ranníocóir féinfhostaithe ranníocaí féinfhostaíochta (cibé acu ina dtráthchodanna nó ar shlí eile de réir mar a fhorordófar) arb é a méid £116 i leith na bliana ranníoca sin.
- (c) Faoi réir mhíreanna (d) agus (i), más rud é go ndéanfar íocaíocht in aon bhliain ranníoca le ranníocóir féinfhostaithe i leith díolaíochtaí ináirithe an ranníocóra fhéinfhostaithe sin beidh ranníoc féinfhostaíochta iníoctha aige arb é a bheidh ann méid is ionann agus 5 faoin gcéad de na díolaíochtaí ináirithe nó £234, cibé acu is mó.
- (d) Ní bheidh ranníocaí faoi mhír (a) nó (c) iníoctha in aon bhliain ranníoca ar an oiread (más ann) d'ioncam ináirithe nó de dhíolaíochtaí ináirithe ranníocóra fhéinfhostaithe don bhliain sin a bheidh de bharrachas ar £18,000.
- (e) Faoi réir rialachán faoi alt 17D, i gcás go n-íocfaidh ranníocóir féinfhostaithe ranníoc féinfhostaíochta de mhéid nach lú ná an méid a bheidh sé faoi dhliteanas a íoc faoi mhír (a) nó an méid a shonraítear i mír (b), cibé acu is iomchuí, measfar gur íoc sé ranníocaí in aghaidh gach seachtaine ranníoca sa bhliain ranníoca sin agus, i gcás ar lú an ranníoc a íocadh ná an méid iomchuí a dúradh measfar nár íoc an ranníocóir féinfhostaithe aon ranníoc i leith aon seachtaine den bhliain ranníoca sin.

(f) Féadfaidh an tAire le rialacháin an tsuim a shonraítear i mír (d) a athrú agus beidh éifeacht leis an athrú sin ó thus na bliana ranníoca díreach tar éis na bliana ina ndéantar na rialacháin.

(g) I gcás go mbeartaítear rialacháin a dhéanamh faoi mhír (f) leagfar dréacht de na rialacháin atá beartaithe faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(h) Faoi réir fho-alt (3) d'alt 17G, déanfar neamhshuim de ranníocaí féinfhostaíochta nuair a bheifear á chinneadh an bhfuil na coinníollacha ranníoca d'aon sochar seachas pinsean seanaoise (ranníocach), pinsean baintrí (ranníocach) nó liúntas dílleachta (ranníocach) comhlíonta.

(i) Duine a ndlífí air, murach an mhír seo, ranníocaí £234 a íoc faoi mhír (a) agus mhír (c) araon, ní dhlífidh sé ach ranníoc singil £234 a íoc.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 17 d'Acht 1988 trí “17C(f)” a chur in ionad “17C(h)” i mír (b).

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6ú lá d'Aibreán, 1991.

Ranníocaí
féinfhostaíochta.

14.—Leasaítear leis seo fo-alt (4) d'alt 36 d'Acht 1990 trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b) agus (c):

“(b) de réir ráta 4 faoin gcéad den ioncam ináirithe nó de na díolaíochtaí ináirithe, de réir mar a bheidh, nó £234, cibé acu is mó, le héifeacht ón 6ú lá d'Aibreán, 1991, agus

(c) de réir ráta 5 faoin gcéad den ioncam ináirithe nó de na díolaíochtaí ináirithe, de réir mar a bheidh, nó £234, cibé acu is mó, le héifeacht ón 6ú lá d'Aibreán, 1992.”.

15.—(1) Leasaítear leis seo fo-alt (1) d’alt 17G (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 1988) den Phríomh-Acht trí “£234” a chur in ionad “£208”. Ranníocaí saorálacha ag ranníocóirí féinfhostaithe.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6ú lá d’Aibreán, 1991.

16.—(1) Leasaítear leis seo alt 73 den Phríomh-Acht trí “£75” a chur in ionad “£72” (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 1990). Sochar pá-chuibhneasa.

(2) Beidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le haon tréimhse bhearnaithe fostaíochta dar tosach an 8ú lá d’Aibreán, 1991, nó dá éis.

CUID III

COINNÍOLLACHA RANNÍOCA MAIDIR LE SOCHAIR GHEARRTHÉARMA

17.—(1) Leasaítear leis seo alt 19(1) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b): Coinníollacha maidir le sochar a fháil.

“(b) go mbeidh ag an éilitheoir ranníocaí cáilitheacha nó ranníocaí creidiúnaithe i leith 39 seachtain ranníoca ar a laghad sa bhliain ranníoca iomlán dheiridh roimh thosach na bliana sochair ar lá di an lá a bhfuil an sochar á éileamh ina aghaidh.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 30(1) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) go mbeidh ag an éilitheoir ranníocaí cáilitheacha nó ranníocaí creidiúnaithe i leith 39 seachtain ranníoca ar a laghad sa bhliain ranníoca iomlán dheiridh roimh thosach na bliana sochair ar lá di an lá a bhfuil an sochar á éileamh ina aghaidh.”.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den alt seo.

Leasú ar alt 19
den Phríomh-Acht
(coinníollacha maidir
le sochar a fháil).

18.—Leasaítear leis seo alt 19 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 8 d'Acht 1987):

“(1) Is iad na coinníollacha ranníoca i gcás sochair míchumais—

(a) go mbeidh ag an éilitheoir ranníocaí cáilitheacha i leith 39 seachtain ranníoca ar a laghad sa tréimhse ó theacht faoi árachas dó go dtí an lá a bhfuil an sochar á éileamh ina aghaidh, agus

(b) go mbeidh ag an éilitheoir ranníocaí cáilitheacha nó ranníocaí creidiúnaithe i leith 39 seachtain ranníoca ar a laghad sa bhliain ranníoca iomlán dheiridh roimh thosach na bliana sochair ar lá di an lá a bhfuil an sochar á éileamh ina aghaidh, agus

(c) go mbeidh tuilleamh ináirithe seachtainiúil forordaithe ag an éilitheoir de bhreis ar mhéid forordaithe i dtréimhse fhorordaithe.”, agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (4) agus (5):

“(4) Faoi réir fho-alt (5), féadfar a fhoráil le rialacháin go mbeidh teideal chun sochair míchumais ag daoine a mbeadh teideal acu chuige mura mbeadh an coinníoll atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) a bheith gan comhlíonadh.

(5) Forálfar le rialacháin chun críocha fho-alt (4) go mbeidh sochar is iníoctha de bhua an fho-ailt sin iníoctha de réir ráta is lú ná an ráta sin a shonraítear sa Dara Sceideal, agus féadfaidh an ráta a shonrófar leis na rialacháin athrú i gcomhréir leis an méid a bheidh an coinníoll atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) comhlíonta.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den alt seo.

19.—(1) Leasaítear leis seo alt 30 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 30
den Phríomh-Acht
(coinníollacha maidir
le sochar a fháil).

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 8 d'Acht 1987):

“(1) Is iad na coinníollacha ranníoca i gcás sochair dífhostaíochta—

- (a) go mbeidh ag an éilitheoir ranníocaí cáilitheacha i leith 39 seachtain ranníoca ar a laghad sa tréimhse ó theacht faoi árachas dó go dtí an lá a bhfuil an sochar á éileamh ina aghaidh, agus

- (b) go mbeidh ag an éilitheoir ranníocaí cáilitheacha nó ranníocaí creidiúnaithe i leith 39 seachtain ranníoca ar a laghad sa bhliain ranníoca iomlán dheiridh roimh thosach na bliana sochair ar lá di an lá a bhfuil an sochar á éileamh ina aghaidh, agus

- (c) go mbeidh tuilleamh ináirithe seachtainiúil forordaithe ag an éilitheoir de bhreis ar mhéid forordaithe i dtréimhse fhorordaithe.”, agus

- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (4) agus (5):

“(4) Faoi réir fho-alt (5), féadfar a fhoráil le rialacháin go mbeidh teideal chun sochair dífhostaíochta ag daoine a mbeadh teideal acu chuige mura mbeadh an coinníoll ranníoca atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) a bheith gan chomhlíonadh.

(5) Forálfar le rialacháin chun críocha fho-alt (4) go mbeidh sochar is iníoctha de bhua an fho-ailt sin iníoctha de réir ráta is lú ná an ráta sin a shonraítear sa Dara Sceideal, agus féadfaidh an ráta a shonrófar leis na rialacháin athrú i gcomhréir leis an méid a bheidh an coinníoll atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(b) comhlíonta.”.

- (2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den alt seo.

Leasú ar alt 89
den Phríomh-Acht
(coinníollacha maidir
le sochar a fháil).

20.—(1) Leasaítear leis seo alt 89 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 9 d'Acht Uimh. 2 de 1987):

“(1) Is iad na coinníollacha ranníoca le haghaidh pinsin easláine—

- (a) go mbeidh ag an éilitheoir roimh an dáta iomchuí ranníocaí cáilitheacha i leith 260 seachtain ranníoca ar a laghad ó theacht faoi árachas dó, agus

- (b) go mbeidh ag an éilitheoir roimh an dáta iomchuí ranníocaí cáilitheacha nó ranníocaí creidiúnaithe i leith 48 seachtain ranníoca ar a laghad sa bhliain ranníoca iomlán dheiridh roimh an dáta sin, agus

- (c) go mbeidh tuilleamh ináirithe seachtainiúil forordaithe ag an éilitheoir de bhreis ar mhéid forordaithe i dtréimhse fhorordaithe.”, agus

- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Faoi réir fho-alt (6), féadfar a fhoráil le rialacháin go mbeidh teideal chun pinsin easláine ag daoine a mbeadh teideal acu chuige mura mbeadh an coinníoll ranníoca atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) a bheith gan chomhlíonadh.

(6) Forálfar le rialacháin chun críocha fho-alt (5) go mbeidh sochar is iníoctha de bhua an fho-ailt sin iníoctha de réir ráta is lú ná an ráta sin a shonraítear sa Dara Sceideal, agus féadfaidh an ráta a shonrófar leis na rialacháin athrú i gcomhréir leis an méid a bheidh an coinníoll atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) comhlíonta.”.

- (2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den alt seo.

Forálacha
máithreachais a
chaighdeánú.

21.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) (a cuireadh isteach le halt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh (Leasú), 1981) d'alt 24:

“(2) Faoi réir na bhforálacha sin ina dhiaidh seo den alt seo, is í an tréimhse ar ina haghaidh a bheidh liúntas máithreachais iníoctha an tréimhse shaoire máithreachais a bhfuil bean ina teideal de bhua alt 8 den Acht um Chosaint Mháithreachais d’Fhostaithe, 1981 (lena n-áirítear aon fhadú ar an tréimhse sin de bhua alt 12 den Acht sin).”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5) (a cuireadh isteach le halt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh (Leasú), 1981) d’alt 24:

“(5) Chun críocha fho-alt (2), i gcás an fhostaíocht do scor (mar gheall ar bhás an fhostóra nó ar dhóigh eile) le linn na tréimhse saoire máithreachais, leanfar ag déileáil leis an mbean ionann is dá mba nár tharla an teagmhas ba chúis leis an bhfostaíocht do scor.”,

(c) trí “alt 24(2)” a chur in ionad “alt 24(2)(a)” i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 10 d’Acht Uimh. 2 de 1987) d’alt 25,

(d) trí fho-alt (1A) (a cuireadh isteach le halt 10 d’Acht Uimh. 2 de 1987) d’alt 25 a scriosadh,

(e) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 26:

“An ráta liúntais.

26.—(1) Faoi réir an Achta seo, is é a bheidh sa ráta seachtainiúil liúntais máithreachais méid is comhionann—

(a) le 70 faoin gcéad de thuilleamh ináirithe seachtainiúil na mná lenar iníoctha an liúntas sa bhliain chánach ioncaim a bheidh forordaithe chun críocha an ailt seo, nó

(b) le 70 faoin gcéad de cibé méid a bheidh forordaithe mar mheántuilleamh ináirithe seachtainiúil ban an bhliain sin,

cibé acu is mó.

(2) Féadfar an céatadán a shonraítear i bhfo-alt (1) a athrú le rialacháin ag féachaint do nithe den sórt seo a leanas—

(a) athruithe ar mheántuilleamh bliantúil ban, agus

(b) asbhaintí reachtúla ó thuilleamh nó muirir ar thuilleamh a fhorchur nó a athrú.

(3) San alt seo ciallaíonn ‘tuilleamh ináirithe seachtainiúil’ an meánmhéid de thuilleamh ináirithe a fhaightear i seachtain suas go dtí cibé teorainn a bheidh forordaithe chun críche alt 73.”,

(f) trí alt 26A (a cuireadh isteach le halt 5 d’Acht Uimh. 2 de 1985) agus alt 26B (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 1986) a scriosadh.

(2) D’ainneoin fho-alt (1) den alt seo, aon bhean a thiocfaidh chun bheith i dteideal liúntais máithreachais is inioctha de bhua alt 24(2)(b) den Phríomh-Acht roimh thosach feidhme an fho-ailt sin, leanfaidh sí de bheith i dteideal an liúntais sin go dtí deireadh na tréimhse teidil sin chun liúntais máithreachais.

(3) Tiocfaidh fo-alt (1) den alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den fho-alt sin.

Inárachaitheacht
eachtar-oibrithe agus
bainisteoirí oifigi
fostaíochta.

22.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht—

(a) trí “mír 7 de Chuid I den Chéad Sceideal” a scriosadh i mír (a) d’alt 7 (1),

(b) trí mhír (c) d’alt 38(3) a scriosadh, agus

(c) trí mhír 7 de Chuid I den Chéad Sceideal a scriosadh.

(2) Leasaítear leis seo Cuid II den Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí mhír 10 a scriosadh.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6ú lá d’Aibreán, 1991.

CUID IV

COINNÍOLLACHA RANNÍOCA MAIDIR LE PINSIN

23.—(1) Leasaítear leis seo alt 78 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

Coinníollacha maidir le pinsean seanaoise (ranníocach) a fháil.

“(4) Chun críocha na Caibidle seo—

ciallaíonn ‘teacht faoi árachas’, faoi réir alt 78A, i ndáil le haon duine, cibé acu a tharlaíonn ar dtús—

(a) an dáta a dtagann sé chun bheith ina dhuine árachaithe i gcéadair de bhua alt 5(1), ach amháin i gcás ina dtagann sé chun bheith ina dhuine árachaithe de bhua mhír (b) d’fho-alt (1) den alt sin 5 amháin, nó

(b) an dáta a dtagann sé chun bheith ina dhuine árachaithe i gcéadair de bhua alt 17A,

agus go measfar gurb é an dáta sin an dáta maidir le teacht faoi árachas chun críocha mhíreanna (a) agus (c) d’alt 79 (1).

(5) D’ainneoin fho-alt (4), féadfar a fhoráil le rialacháin go bhféadfar a mheas gurb é an dáta maidir le teacht faoi árachas an dáta a dtagann duine chun bheith ina dhuine fostaithe nó ina dhuine féinfhostaithe i gcéadair, agus é inárachaithe chun críocha pinsin seanaoise nó pinsin scoir faoi reachtaíocht Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha nó faoi reachtaíocht aon Stáit eile a mbeidh comhshocraíocht chómhálartach déanta leis ag an Aire faoi fhorálacha alt 307.

(6) D’ainneoin fho-ailt (4) agus (5), féadfar a fhoráil le rialacháin go bhféadfar a mheas, i gcás gur roimh dháta a bheidh le forordú a tharlaíonn dáta maidir le teacht faoi árachas, gurb é an dáta sin an lá maidir le teacht faoi árachas.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 79 den Phríomh-Acht—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (13) (a cuireadh isteach le halt 30 d’Acht 1988):

“(14) Féadfar a fhoráil le rialacháin, faoi réir fho-alt (15), go mbeidh teideal chun pinsin seanaoise (ranníocach) ag daoine a mbeadh an teideal sin acu mura mbeadh an coinníoll ranníoca atá

leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) a bheith gan chomhlíonadh agus nach bhfuil teideal acu chun pinsin seanaoise (ranníocach) de bhua Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach¹, nó de bhua comhshocraíochta cómhálartaí faoi fhorálacha alt 307 agus a bhí, i leith aon tréimhse, fostaithe go formhór i gceann amháin nó níos mó de na fostaíochtaí a shonraítear i bhfo-airteagal (1) d’Airteagal 7 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Modhnuithe ar Árachas), 1979 (I.R. Uimh. 87 de 1979).

(15) Forálfar mar a leanas le rialacháin chun críocha fho-alt (14) maidir le pinsean seanaoise (ranníocach) is iníoctha de bhua an fho-ailt sin—

(a) beidh sé iníoctha de réir ráta is lú ná an ráta sin a shonraítear sa Dara Sceideal, agus féadfaidh an ráta a shonraítear leis na rialacháin athrú i ndáil leis an gcoibhneas atá idir an líon ranníocaí fostaíochta is ináirithe chun críocha pinsin seanaoise (ranníocach) mar aon le ranníocaí féinfhostaíochta arna n-íoc ag an duine árachaithe agus an líon iomlán ranníocaí fostaíochta agus ranníocaí féinfhostaíochta, ach déanfar aon mhéadú ar phinsean i leith linbh cháilithe a íoc de réir an ráta a shonraítear sa Dara Sceideal, agus

(b) i gcás nach iolrú ar £2 an méid a ríomhfar de réir mhír (a), déanfar é a mhéadú go dtí an chéad iolrú eile ar £2.”,

(b) trí “(seachas ranníocaí a bheidh íoctha ag duine nó a bheidh íoctha ina leith in aghaidh tréimhse a bheidh nó a raibh an duine sin fostaithe go formhór i gceann amháin nó níos mó de na fostaíochtaí a shonraítear i bhfo-airteagal (1) d’Airteagal 7 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Modhnuithe ar Árachas), 1979 (I.R. Uimh. 87 de 1979))” a scriosadh i bhfo-alt (9), agus

(c) trí fho-alt (11) a scriosadh.

Coinníollacha maidir le pinsean scoir a fháil.

24.—(1) Leasaítear leis seo alt 83 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Chun críocha na Caibidle seo—

¹IO Uimh. L149 an 5.7.1971.

ciallaíonn ‘teacht faoi árachas’, i ndáil le haon duine, cibé acu a tharlaíonn ar dtús—

- (a) an dáta a dtagann sé chun bheith ina dhuine árachaithe i gcéadair de bhua alt 5(1), ach amháin i gcás ina dtagann sé chun bheith ina dhuine árachaithe de bhua mhír (b) d’fho-alt (1) den alt sin 5 amháin, nó
- (b) an dáta a dtagann sé chun bheith ina dhuine árachaithe i gcéadair de bhua alt 17A,

agus go measfar gurb é an dáta sin an dáta maidir le teacht faoi árachas chun críocha mhíreanna (a) agus (c) d’alt 84(1).

(6) D’ainneoin fho-alt (5), féadfar a fhoráil le rialacháin go bhféadfar a mheas gurb é an dáta maidir le teacht faoi árachas an dáta a dtagann duine chun bheith ina dhuine fostaithe nó ina dhuine féinfhostaithe i gcéadair, agus é inárachaithe chun críocha pinsin seanaoise nó pinsin scoir faoi reachtaíocht Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha, nó faoi reachtaíocht aon Stáit eile a mbeidh comhshocraíocht chómhalartach déanta ag an Aire leis faoi fhorálacha alt 307.

(7) D’ainneoin fho-alt (5) agus (6), féadfar a fhoráil le rialacháin go bhféadfar a mheas, i gcás gur roimh dháta a bheidh le forordú a tharlaíonn dáta maidir le teacht faoi árachas, gurb é an lá sin an dáta maidir le teacht faoi árachas.”

(2) Leasaítear leis seo alt 84 den Phríomh-Acht—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Féadfar a fhoráil le rialacháin, faoi réir fho-alt (7), go mbeidh teideal chun pinsin scoir ag daoine a mbeadh an teideal sin acu mura mbeadh an coinníoll ranníoca atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) a bheith gan chomhlíonadh agus nach bhfuil teideal acu chun pinsin scoir de bhua Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach¹, nó de bhua comhshocraíochta cómhálartaí faoi fhorálacha alt 307 agus a bhí, i leith aon tréimhse, fostaithe go formhór i gceann amháin nó níos mó de na fostaíochtaí a shonraítear i bhfo-airteagal (1) d’Airteagal 7 de na Rialacháin Leasa

¹IO Uimh. L149 an 5.7.1971.

Shóisialaigh (Modhnuithe ar Árachas), 1979 (I.R. Uimh. 87 de 1979).

(7) Forálfar mar a leanas le rialacháin chun críocha fho-alt (7) maidir le pinsean scoir is iníoctha de bhua an fho-ailt sin—

(a) beidh sé iníoctha de réir ráta is lú ná an ráta sin a shonraítear sa Dara Sceideal, agus féadfaidh an ráta a shonraítear leis na rialacháin athrú i ndáil leis an gcoibhneas atá idir an líon ranníocaí fostaíochta is ináirithe chun críocha pinsin scoir arna n-íoc ag an duine árachaithe agus an líon iomlán ranníocaí fostaíochta agus ranníocaí féinfhostaíochta, ach déanfar aon mhéadú ar phinsean i leith linbh cháilithe a íoc de réir an ráta a shonraítear sa Dara Sceideal, agus

(b) i gcás nach iolrú ar £2 an méid a ríomhfar de réir mhír (a), déanfar é a mhéadú go dtí an chéad iolrú eile ar £2.”.

Leasuithe
iarmhartacha a thig
as coinníollacha
athbhreithnithe maidir
le pinsean seanaoise
(ranníocach) agus
pinsean scoir a fháil.

25.—(1) Leasaítear leis seo alt 2 (1) den Phríomh-Acht tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “teacht faoi árachas”:

“ciallaíonn ‘teacht faoi árachas’, faoi réir ailt 16 agus 93(6) agus Chaibidlí 7 agus 8 de Chuid II, i ndáil le haon duine, an dáta ar tháinig sé chun bheith ina dhuine árachaithe;”.

(2) Leasaítear leis seo alt 16 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Chun críocha an ailt seo beidh le ‘teacht faoi árachas’ an bhrí a shanntar dó le halt 78(4) nó (5).”.

(3) Leasaítear leis seo alt 93 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) I gcás ina dtiocfaidh duine chun bheith ina ranníocóir fostaithe de bhua mhír (b) d’alt 5(1), agus nár ranníocóir fostaithe é ar leith ón alt sin, measfar nach teacht faoi árachas chun críocha fho-alt (1) den alt seo a theacht faoi árachas de bhua na míre sin

agus chun na gcíoch sin measfar a theacht faoi árachas tarlú nuair a thagann sé i gcéaduaire chun bheith ina ranníocóir fostaithe de bhua mhír (a) d'alt 5(1).”.

26.—(1) Más rud é, ar aon slí, go n-éireoidh aon deacracht maidir leis an gCuid seo a thabhairt i ngníomh, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, le hordú aon ní a dhéanamh a dhealraíonn a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an Chuid seo a thabhairt i ngníomh, agus féadfaidh aon ordú den sórt sin forálacha na Coda seo a mhodhnú a mhéid a dhealraíonn a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an t-ordú a thabhairt in éifeacht.

Cumhacht chun deireadh a chur le deacrachtaí.

(2) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithis is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe sin, beidh an t-ordú sin ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú sin.

(3) Ní dhéanfar aon ordú faoin alt seo tar éis bliain amháin a bheith caite tar éis an tAcht seo a rith.

27.—(1) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo ach amháin—

Feidhm *Chuid IV*.

(a) maidir le duine a thagann i gcéaduaire chun bheith—

(i) ina dhuine árachaithe de bhua alt 5(1) den Phríomh-Acht (a cuireadh isteach le halt 40 den Acht seo) agus é árachaithe chun críocha pinsin seanaoise (ranníocach), nó

(ii) ina dhuine árachaithe de bhua alt 17A den Phríomh-Acht, an 6ú lá d'Aibreán, 1991, nó dá éis, nó

(b) maidir le duine a mhainníonn an coinníoll ranníoca atá leagtha amach i bhfo-alt (1)(c) d'alt 79 den Phríomh-Acht nó i bhfo-alt (1)(c) d'alt 84 den Acht sin a chomhlíonadh agus a raibh tréimhsí aige ina raibh sé—

(i) fostaithe go formhór i gceann amháin nó níos mó de na fostaíochtaí a shonraítear i bhfo-airteagal (1) d'Airteagal

7 de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Modhnuithe ar Árachas), 1979 (I.R. Uimh. 87 de 1979), agus

- (ii) ina ranníocóir fostaithe a raibh ranníocaí fostaíochta is ináirithe chun críocha na gcoinníollacha ranníoca le haghaidh teidil chun pinsin seanaoise (ranníocach) iníoctha ina leith.

(2) Tiocfaidh mír (b) d'fho-alt (1) den alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den mhír sin.

CUID V

BEARTA CHUN MÍ-ÚSÁID A CHOMHRAC

Faisnéis a éilíonn an tAire.

28.—Chun iniúchadh a dhéanamh ar theideal chun sochar, pinsean, cúnamh, liúntas nó forlíonadh ar bith a fháil faoin bPríomh-Acht nó faoi scéimeanna atá á riaradh ag an Aire nó thar a cheann nó ag an Roinn Leasa Shóisialaigh nó thar a ceann, féadfaidh an tAire a cheangal ar cibé daoine a bheidh forordaithe cibé faisnéis a chur ar fáil dó i ndáil le cibé daoine nó aicmí daoine a chinneadh an tAire agus beidh sé de cheangal ar aon duine a bheidh forordaithe amhlaidh cibé faisnéis a éileofar a chur ar fáil.

Mainneachtain taifid a choimeád.

29.—(1) I gcás fostóir do mhainneachtain taifid a choimeád faoi rialacháin arna ndéanamh faoi alt 15(5) den Phríomh-Acht, nó do mhainneachtain fógra a thabhairt faoi rialacháin arna ndéanamh faoi alt 15A (arna chur isteach le halt 2 d'Acht Uimh. 2 de 1987 agus arna leasú le halt 19 d'Acht 1989) den Phríomh-Acht agus go bhfaighidh fostaí de chuid an fhostóra, go hiomlán nó go páirteach mar gheall ar an mainneachtain sin, sochar míchumais, sochar dífhostaíochta, pinsean scoir, pinsean easláine, cúnamh dífhostaíochta, liúntas réamhscoir nó forlíonadh ar ioncam teaghlaigh faoin Acht sin mar íocaíocht nach raibh sé i dteideal a fháil i leith aon lae a raibh sé i bhfostaíocht an fhostóra sin, dlífidh an fostóir sin suim nach nó ná an méid sochair, pinsin, cúnaimh, liúntais nó forlíonta a íocadh leis an bhfostaí sin a íoc leis an Aire ar é á éileamh, agus féadfaidh an tAire an tsuim sin, mura mbeidh sí aisíoctha ag an bhfostaí, a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(2) Toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, go ndearnadh aon íocaíocht a dúradh go hiomlán nó go páirteach mar gheall ar mhainneachtain an fhostóra na taifid sin a choimeád nó an fógra sin a thabhairt dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo.

(3) I gcás difríocht ábhartha a bheith ann idir aon doiciméad arna eisiúint chuig fostaí ag fhostóir, ag a sheirbhíseach nó ag a ghníomhaire agus aon doiciméad eile arna thabhairt don Aire nó don Ard-Bhailitheoir agus go bhfaighidh fostaí, go hiomlán nó go páirteach mar gheall ar an difríocht sin, sochar nó cúnamh faoin bPríomh-Acht nach raibh teideal aige chuige, dlífidh an fhostóir sin suim nach mó ná an méid sochair, pinsin, cúnamh, liúntais nó forlionsa a íocadh leis an bhfostaí sin a íoc leis an Aire ar é á éileamh, agus féadfaidh an tAire an tsuim sin, mura mbeidh sí aisíoctha ag an bhfostaí, a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(4) Chun críocha fho-alt (3) den alt seo, folóidh fostaí céile an fhostaí agus aon duine eile de theaghlach an fhostaí ar faoi threoir ioncam an fhostaí a dhéantar a theideal chun sochair nó cúnamh a rialáil nó a choigeartú.

(5) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (1) nó (3) den alt seo nó aon fhorálacha eile de na hAchtanna Leasa Shóisialaigh nó de rialacháin arna ndéanamh faoi réim nó d'fheidhmiú fhorálacha na nAchtanna sin, ar rialacháin iad faoina bhféadtar méideanna sochair, cúnamh nó forlionsa a ghnóthú, ní fhéadfaidh an méid a ghnóthóidh an tAire in aon chás a bheith níos mó ná méid an tsochair, an chúnamh nó an fhorlionsa a fuair an fostaí agus nach raibh sé i dteideal a fháil.

30.—Leasaítear leis seo alt 115 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo Cionta.
a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Aon fhostóir, nó aon seirbhíseach nó aon ghníomhaire a bheidh ag gníomhú thar ceann an fhostóra sin, a dhéanfaidh mar a leanas d’fhonn éalú óna dhliteanas i leith ranníocaí fostaíochta a dhlífidh sé a íoc faoin gCuid seo agus nach mbeidh íoctha aige, nó d’fhonn méid a dhliteanais a laghdú, is é sin le rá—

- (i) a dhéanfaidh go feasach aon ráiteas bréagach nó uirill bhréagacha nó a cheilfidh go feasach aon fhíoras ábhartha, nó

- (ii) a thabharfaidh ar aird nó a sholáthróidh, nó a chuirfidh faoi deara, nó a cheadóidh go feasach go dtabharfar ar aird nó go soláthrófar, aon doiciméad nó faisnéis is eol dó a bheith bréagach i bponc ábhartha,

beidh sé ciontach i gcion.

- (b) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin bhfo-alt seo dlífeair—

- (i) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó (de rogha na cúirte) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná bliain, nó iad araon, a chur air, nó

- (ii) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000 nó (de rogha na cúirte) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná trí bliana, nó iad araon, a chur air.

Fostóirí do choimeád cóipeanna de ráitis a eisítear faoin Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973.

31.—Má eisionn fostóir ráiteas chuig fostaí ina mbeidh na sonraí a shonraítear in alt 9 den Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973, coimeádfaidh sé cóip den ráiteas sin ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta ar eisíodh an ráiteas sin agus tabharfaidh sé an chóip sin, ar í á hiarraidh air, do chigire lena hiniúchadh faoi alt 114 den Phríomh-Acht.

Leasú ar alt 20 d'Acht 1988 (ionchúisimh).

32.—Leasaítear leis seo fo-alt (6) d'alt 20 d'Acht 1988 trí “nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoi réim nó d'fheidhmiú fhorálacha an Phríomh-Achta” a chur isteach i ndiaidh “faoin bPríomh-Acht”.

Ionadaithe pearsanta do thabhairt faisnéise don Aire.

33.—Leasaítear leis seo alt 174 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Déanfaidh ionadaí pearsanta duine a bhí, tráth ar bith, ag fáil pinsin, sula ndáilfidh sé sócmhainní an duine—

- (a) (i) a chur in iúl don Aire trí fhógra i scríbhinn a sheachadfar ar an Aire, go bhfuil ar intinn aige na sócmhainní a dháileadh, agus

(ii) sceideal de shócmhainní an eastáit a chur ar fáil don Aire,

trí mhí ar a laghad sula dtosóidh an dáileadh, agus

(b) má iarrann an tAire é i scríbhinn, laistigh d’ocht seachtain ón tráth a dtabharfar an fógra agus an sceideal de shócmhainní dá dtagraítear i mír (a), a chinntiú go gcoimeádfar dóthain sócmhainní, a mhéid (más ann) is iomchuí, chun aon suim a aisíoc a chinnfear a bheith dlite don Aire nó don Stát (de réir mar a bheidh)—

(i) i leith íocaíochta pinsin a íocadh leis an duine nuair nach raibh an duine i dteideal an pinsean a fháil, nó

(ii) i leith íocaíochta pinsin a íocadh leis an duine de bhreis ar an méid a bhí an duine i dteideal a fháil.

(3A) D’ainneoin aon fhoráil eile den Chaibidil seo, d’fhonn an tsuim a chinneadh a bheidh dlite don Aire faoi fho-alt (3), déanfar acmhainn an duine éagtha don tréimhse ar íocadh pinsean leis ina leith, d’uireasa fianaise ar a mhalairt, a ríomh ar an mbonn gur leis ar feadh iomlán na tréimhse sin na sócmhainní a bhí aige tráth a bháis.

(3B) Féadfaidh an tAire laghdú a dhéanamh ar mhéideanna a chinnfear a bheith dlite de réir fho-alt (3A) má cheapann sé é a bheith cothromasach déanamh amhlaidh.”.

34.—Leasaítear leis seo alt 169 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

Leasú ar alt 169
den Phríomh-Acht
(imeachtaí dlíthiúla).

“(11) Aon imeachtaí chun fiach a ghnóthú a bheidh dlite don Stát faoi fho-alt (3) den alt seo nó a bheidh dlite don Aire faoi alt 172(2) beidh siad inchosanta in aghaidh eastáit duine éagtha má thionscnaítear iad tráth ar bith laistigh den tréimhse dhá bhliain dar tosach an dáta a bhfaigheann an tAire an fógra agus an sceideal de shócmhainní faoi mhír (a) d’alt 174(3) nó laistigh d’aon tréimhse eile a bheidh socraithe in aon achtachán eile, cibé acu is faide.”.

Cinntí athbheithnithe **35.**—Leasaítear leis seo alt 300 den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a) d’fho-alt (5):

“(aa) I gcás go ndéanfar, de bhua an chinnidh athbheithnithe, aon sochar, cúnamh, forlíonadh nó sochar linbh a dhícheadú nó a laghdú nó go gcúlghairfear deimhniú cáilíochta faoi Chaibidil 2 de Chuid III agus go ndéanfar an cinneadh athbheithnithe de chionn fianaise nua nó fíorais nua a bheith curtha in iúl don oifigeach breithiúnachta nó don oifigeach achomhairc (de réir mar a bheidh) ón tráth a rinneadh an cinneadh bunaidh, tiocfaidh sé in éifeacht amhail ó cibé dáta a chinnfidh an t-oifigeach sin ag féachaint do na fíorais nua nó don fhianaise nua.”.

Ranníocaí fostaíochta i bhfoirceannadh. **36.**—(1) Leasaítear leis seo alt 120 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) (a cuireadh isteach le halt 45 d’Acht 1990):

“(2) Ní áireofar i sócmhainní cuideachta teoranta i bhfoirceannadh faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990—

(a) aon suim a bheidh asbhainte ag fostóir ó cibé luach saothair de chuid fostaí dá chuid a íocadh roimh an bhfoirceannadh i leith ranníoca fostaíochta a bheidh dlite agus gan íoc ag an bhfostóir i leith an ranníoca sin, nó

(b) aon suim a d’asbhainfí ó luach saothair fostaí i leith ranníoca fostaíochta in aghaidh tréimhse fostaíochta roimh fhoirceannadh dá mba gur íocadh an luach saothair sin roimh an bhfoirceannadh sin,

agus i bhfoirceannadh den sórt sin déanfar, d’ainneoin aon ní sna hAchtanna sin, suim ar cóimhéid leis an tsuim a bheidh asbhainte amhlaidh agus a bheidh gan íoc, nó a bheadh inasbhainte agus iníoctha, a íoc leis an gCiste Árachais Shóisialaigh i dtosaíocht ar na fiacha a shonraítear in alt 285(2) d’Acht na gCuideachtaí, 1963.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 120(3) den Phríomh-Acht trí “Suim a bheidh ar cóimhéid le haon suim” a chur in ionad “Aon suim”.

37.—Déantar leis seo alt 285(2)(e) d’Acht na gCuideachtaí, 1963 (arna leathnú le halt 45 d’Acht 1990) a leasú tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e): Leasú ar alt 285 (2) d’Acht na gCuideachtaí, 1963.

“(e) mura rud é nach bhfuil an chuideachta á foirceannadh go toilteanach ach amháin chun í a athchóiriú nó chun í a chónascadh le cuideachta eile—

(i) na suimeanna go léir a bheidh dlite i leith ranníocaí is iníoctha i gcaitheamh an 12 mhí díreach roimh an dáta iomchuí ag an gcuideachta mar fhostóir aon daoine faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, agus

(ii) na suimeanna go léir a bheidh dlite i leith ranníocaí a bheadh iníoctha faoi fhorálacha alt 10(1)(b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981, ag an gcuideachta mar fhostóir aon daoine i leith aon luach saothair i leith aon tréimhse fostaíochta i gcaitheamh an 12 mhí díreach roimh an dáta iomchuí fiú má íoctar an luach saothair sin tar éis an dáta iomchuí.”.

38.—Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 117:

“Suimeanna a bheidh dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh a ghnóthú.

117.—(1) Na suimeanna go léir a bheidh dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh beidh siad inghnóthaithe mar fhiacha atá dlite don Stát agus, gan dochar d’aon leigheas eile agus d’ainneoin aon fheidhm dá dtagraítear san alt sin i ndáil le ranníocaí fostaíochta a shannadh le haon rialacháin faoi alt 15(2) don Ard-Bhailitheoir nó aon fheidhm dá dtagraítear san alt sin i ndáil le ranníocaí féinfhostaíochta a shannadh le haon rialacháin faoi alt 17F(2) don Ard-Bhailitheoir, féadfaidh an tAire iad a ghnóthú mar fhiach faoi reacht in aon chúirt dlínse inniúla.

Suimeanna a bheidh dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh a ghnóthú.

(2) D’ainneoin aon fhoráil in aon achtachán ina sonraítear an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar imeachtaí a thosú chun fiach faoi reacht a ghnóthú, féadfar aon imeachtaí chun aon suimeanna a bheidh dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh ar mhodh ranníocaí fostaíochta faoi alt 10(1) nó ranníocaí féinfhostaíochta faoi alt 17B a thionscnamh tráth ar bith agus beidh siad inchosanta tráth ar bith.

CUID VI

RANNÍOCAÍ LEITHLEACHA DÍOBHÁLACHA CEIRDE AGUS IOMARCAÍOCHTA FOSTÓRA A CHÓNASCADH LE RANNÍOCAÍ ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH FOSTÓRA.

Ranníoc iomarcaíochta
fostóra a chónascadh
le ranníoc árachais
shóisialaigh fostóra.

39.—(1) Déantar leis seo gach foráil den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, a luaitear i gcolún (1) de Sceideal C a ghabhann leis an Acht seo a leasú ar an modh a shonraítear i gcolún (2) den Sceideal sin os coinne lua na forála i gcolún (1).

(2) Aisghairtear leis seo alt 2 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6ú lá d’Aibreán, 1991.

Ranníoc fostóra i leith
díobhálacha ceirde a
chónascadh le ranníoc
árachais shóisialaigh
fostóra.

40.—(1) Leasaítear leis seo alt 5 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir an Achta seo—

(a) is ranníocóir fostaithe, faoi réir mhír (b), chun críocha an Achta seo, gach duine os cionn 16 bliana d’aois agus faoi bhun aoise inphinsin a bheidh fostaithe in aon cheann de na fostaíochtaí a shonraítear i gCuid I den Chéad Sceideal, ach nach fostaíocht a shonraítear i gCuid II den Sceideal sin, agus

(b) is ranníocóir fostaithe gach duine atá, gan spleáchas d’aois, fostaithe i bhfostaíocht inárachaithe (díobhálacha ceirde) agus déanfar tagairtí san Acht seo do ranníocóir fostaithe a fhorléiriú dá réir sin, agus

(c) gach duine a thiocfaidh chun bheith ina ranníocóir fostaithe den chéad uair, tiocfaidh sé dá chionn sin, chun bheith árachaithe faoin Acht seo agus leanfaidh sé dá éis sin ar feadh a shaoil de bheith árachaithe amhlaidh.”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Tabharfar neamhaird ar árachas díobhálacha ceirde aon duine nuair a bheifear ag cinneadh a chirt chun bheith, nó chun leanúint de bheith, ina ranníocóir saorálach agus ní dhéanfaidh an t-árachas sin difear don ráta ranníoca shaorálaigh is iníoctha in aon chás.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 7 den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j) d’fho-alt (1):

“(k) daoine ar fostú i bhfostaíocht ar fostaíocht inárachaithe (díobhálacha ceirde) í de bhun alt 38.”.

(3) Leasaítear leis seo alt 9 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Chun airgead a sholáthar i gcomhair caiteachas ar shochar a íoc agus chun aon íocaíochtaí eile a dhéanamh a bheidh le déanamh, faoin Acht seo, faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991, agus faoi na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 1990, as an gCiste Árachais Shóisialaigh, déanfar—

(a) ranníocaí (dá ngairtear ‘ranníocaí fostaíochta’ san Acht seo) i leith ranníocóirí fostaithe, arb é a bheidh i ngach ranníoc acu ranníoc ón ranníocóir fostaithe agus ranníoc (dá ngairtear “ranníoc an fhostóra” san Acht seo) ó fhostóir an ranníocóra fhostaithe,

(b) ranníocaí i leith ranníocóirí saorálacha, agus

(c) íocaíochtaí as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.”.

(4) Leasaítear leis seo fo-alt (1) d’alt 10 den Phríomh-Acht trí “12.2 faoin gcéad” a chur in ionad “11.3 faoin gcéad” i bhfomhír (ii) de mhír (b) (a cuireadh isteach le halt 5 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1982).

(5) Aisghairtear leis seo alt 65 den Phríomh-Acht.

(6) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 6ú lá d’Aibreán, 1991.

CUID VII

ILGHNÉITHEACH

Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, díolúintí maidir le tástáil acmhainne.

41.—(1) Leasaítear leis seo alt 146(1)(b) (a cuireadh isteach le halt 13 d’Acht Uimh. 2 de 1985) den Phríomh-Acht trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (viii):

“(viiiA) aon airgead a gheofar ó eagraíocht charthanach, ar comhlacht é a seoltar a ghníomhaíochtaí ar shlí seachas le haghaidh brabúis (ach gan aon údarás poiblí nó áitiúil a chur san áireamh) agus ar ceann dá fheidhmeanna é cabhrú le daoine i ngátar trí dheontais airgid a thabhairt dóibh,

(viiiB) aon ioncam ó fhostaíocht de chineál ócáideach ag bord sláinte mar chúntóir teaghlaigh,”.

(2) Leasaítear leis seo alt 210(2)(a) den Phríomh-Acht trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii) (a cuireadh isteach le halt 9 d’Acht 1984):

“(iv) aon airgead a gheofar ó eagraíocht charthanach, ar comhlacht é a seoltar a ghníomhaíochtaí ar shlí seachas le haghaidh brabúis (ach gan aon údarás poiblí nó áitiúil a chur san áireamh) agus ar ceann dá fheidhmeanna é cabhrú le daoine i ngátar trí dheontais airgid a thabhairt dóibh,

(v) aon ioncam ó fhostaíocht de chineál ócáideach ag bord sláinte mar chúntóir teaghlaigh.”.

(3) Leasaítear leis seo mír (4) de Riail 1 den Tríú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) trí “aon airgead” a chur in ionad “aon ioncam” i gclásal (i) d’fhomhír (d),

(b) trí “mar eachtar-oibrí” a chur in ionad “den chineál dá dtagraítear i mír 7 de Chuid I den Chéad Sceideal” i bhfomhír (j), agus

(c) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (j):

“(j) aon ioncam ó fhostaíocht de chineál ócáideach ag bord sláinte mar chúntóir teaghlaigh.”.

(4) Leasaítear leis seo alt 2(1) den Phríomh-Acht tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “dilleachta”:

“ciallaíonn ‘eachtar-oibrí’ duine a dtugtar earraí nó ábhair dó le déanamh suas, le glanadh, le ní, le hathrú, le hornáidiú, le críochnú nó le deisiú nó le hoiriúnú chun a ndíolta ina bhaile féin nó in áitreabh eile nach bhfuil faoi rialú ná faoi bhainistíocht an duine a thug amach na hearraí nó na hábhair chun críocha thrádáil nó ghnó an duine is deireanaí atá luaite;”.

(5) Leasaítear leis seo alt 146 den Phríomh-Acht trí “mar eachtar-oibrí” a chur in ionad “den chineál dá dtagraítear i mír 7 de Chuid I den Chéad Sceideal” i bhfomhír (x) de mhír (b) d’fho-alt (1).

42.—(1) Déantar fo-alt (1) (arna leasú le halt 13 d’Acht 1986) d’alt 42 den Phríomh-Acht a leasú leis seo tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur in ionad an choinníll a ghabhann leis an bhfo-alt sin: Laethanta feithimh.

“Ar choinníoll nach mbeidh duine árachaithe i dteideal sochair dhíobhála in aghaidh na chéad 3 lá acu sin.”.

(2) Leasaítear leis seo fo-alt (1) d’alt 48 den Phríomh-Acht trí mhír (b) a scriosadh.

(3) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le haon éileamh ar shochar díobhála a thosaíonn an 8ú lá d’Aibreán, 1991, nó dá éis.

Forálacha forluiteacha. **43.**—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad ailt 130 agus 131:

“Forálacha
forluiteacha.

130.—(1) Más rud é, murach an fo-alt seo, go mbeadh níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas iníoctha le duine nó i leith duine, i leith na tréimhse céanna, ní íocfar ach ceann amháin díobh—

- (a) aon sochar a shonraítear i bhfo-alt (1) d’alt 17 seachas sochar pá-choibhneasa, sochar báis mar dheontas i leith costas sochraide nó deontas báis, nó
- (b) aon chúnamh a shonraítear i bhfo-alt (1) d’alt 134 seachas liúntas leasa forlíontach, nó
- (c) liúntas cothabhála faoi alt 69 den Acht Sláinte, 1970, nó
- (d) íocaíocht faoi alt 44 den Acht Sláinte, 1947, le duine ar a bhfuil galar aicídeach.

(2) Más rud é, murach an fo-alt seo, go mbeadh níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas iníoctha le duine, nó i leith duine, i leith na tréimhse céanna, ní íocfar ach ceann amháin díobh—

- (a) aon sochar a shonraítear i bhfo-alt (1) d’alt 17 seachas sochar pá-choibhneasa, sochar báis mar dheontas i leith costas sochraide nó deontas báis, nó
- (b) aon chúnamh a shonraítear i bhfo-alt (1) d’alt 134 seachas liúntas leasa forlíontach, nó
- (c) liúntas cothabhála faoi alt 69 den Acht Sláinte, 1970, nó
- (d) íocaíocht faoi alt 44 den Acht Sláinte, 1947, le duine ar a bhfuil galar aicídeach, nó

(e) aon mhéadú ar an sochar sin i leith cleithiúnaí aosaithe, nó

(f) aon mhéadú ar an gcúnamh sin i leith cleithiúnaí aosaithe, nó

(g) aon mhéadú ar an sochar sin i leith linbh cháilithe, nó

(h) aon mhéadú ar an gcúnamh sin i leith linbh cháilithe.

(3) Chun críocha an ailt seo—

(a) féadfar a mheas gur íocaíocht ar leithligh í méadú ar liúntas cothabhála faoi alt 69 den Acht Sláinte, 1970, nó méadú ar íocaíocht faoi alt 44 den Acht Sláinte, 1947, le duine ar a bhfuil galar aicídeach, agus

(b) féadfar a mheas gurb é atá in aon íocaíocht a shonraítear i mír (a), (b), (c) nó (d) d'fho-alt (1) agus is iníoctha i leith duine ná cibé íocaíocht shonraithe is iníoctha leis an duine sin.

(4) D'ainneoin fho-ailt (1) agus (2), féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh á chumasú níos mó ná aon cheann amháin de na híocaíochtaí a shonraítear sna fo-ailt sin a íoc le duine, nó i leith duine, i leith na tréimhse céanna.

(5) Féadfar a fhoráil le rialacháin a dhéantar faoi fho-alt (4) go laghdófar méid aon íocaíochtaí a shonraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) (lena n-áirítear páirt-íocaíocht an chéanna).

(6) Más rud é, murach an fo-alt seo, go mbeadh forlíonadh ar ioncam teaghlaigh agus sochar dífhostaíochta, pinsean scoir, cúnamh dífhostaíochta nó liúntas réamhscoir iníoctha le duine i leith na tréimhse céanna, ní bheidh forlíonadh ar ioncam teaghlaigh iníoctha leis an duine sin i leith na tréimhse sin.

(7) Más rud é, murach an fo-alt seo, go mbeadh forlíonadh ar ioncaim teaghlaigh iníoctha le duine i dtréimhse éagumais chun oibre a bhfuil sochar míchumais nó sochar díobhála iníoctha ina leith leis an duine sin freisin, ní bheidh forlíonadh ar ioncam teaghlaigh iníoctha leis an duine sin in aghaidh an chuid sin den tréimhse éagumais chun oibre is faide ná sé sheachtain.

(8) Más rud é, i leith báis duine, go mbeadh, murach an fo-alt seo, deontas báis agus sochar báis iníoctha ar mhodh deontais i leith costas sochraide ní bheidh ach aon deontas amháin den sórt sin iníoctha.

(9) Féadfar a fhoráil le rialacháin go ndéanfar aon íocaíocht a shonraítear i bhfo-alt (1) nó (2), agus a gcinnfear ina leith dá éis sin nach raibh sí iníoctha, a áireamh mar íocaíocht a íocadh ar chuntas aon íocaíochta eile a shonraítear sna fo-ailt sin agus a chinnfear a bheith iníoctha.

(10) Féadfar a fhoráil le rialacháin—

(a) go gcúiteofar le bord sláinte as an gCiste Árachais Shóisialaigh suimeanna (nó cibé cuid díobh a fhorordófar) a íocadh mar liúntas leasa forlíontach i leith tréimhsí nach bhfuarthas sochar lena linn, agus

(b) go gcúiteofar le bord sláinte as airgead a sholáthróidh an tOireachtas suimeanna (nó cibé cuid díobh a fhorordófar) a íocadh mar liúntas leasa forlíontach i leith tréimhsí nach bhfuarthas cúnamh dífhostaíochta, pinsean seanaoise, pinsean dall nó liúntas leanaí lena linn.”.

(2) Leasaítear leis seo fo-alt (2) d’alt 113 den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) (arna leasú le halt 17 d’Acht 1986):

“(b) i gcás dá dtagraítear in alt 300(5)(a) go n-aisíocfar aon sochar den sórt sin agus go ngnóthófar é trína bhaint as aon sochar

nó aon chúnamh (seachas pinsean dílleachta (neamhranníocach),
liúntas leasa forlíontach nó liúntas leanaí) de réir mar a shonrófar,
nó ar shlí eile.”.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh
an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a
cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den alt seo.

44.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 215A (a cuireadh isteach le halt 38 d’Acht 1990):

Cúiteamh maidir
le liúntas leasa
forlíontach.

“Cúiteamh maidir
le liúntas leasa
forlíontach.

215B.—Más rud é—

- (a) i leith aon tréimhse, go mbeidh liúntas leasa forlíontach deonaithe ag bord sláinte do dhuine nó i leith duine nach mbeidh an tráth sin, cé go mbeidh sé i dteideal sochair, pinsin, cúnaimh, liúntais nó forlíonta ar bith eile faoin Acht seo (dá ngairtear ‘íocaíocht iomchuí’ san alt seo), ag fáil na híocaíochta iomchuí sin, agus
- (b) go mbeidh an liúntas leasa forlíontach sin níos mó ná an méid a dheonófaí don duine sin dá mbeadh sé ag fáil na híocaíochta iomchuí sin, agus
- (c) go dtiocfaidh aon íocaíocht iomchuí (dá ngairtear ‘na riaráistí’ san alt seo) a fhabhróidh i leith aon chuid den tréimhse chéanna chun bheith iníoctha dá éis sin leis an duine sin, agus
- (d) go mbeidh an bord sláinte, sula n-íocfar na riaráistí leis an duine sin, tar éis an méid breise (dá ngairtear ‘an bhreis’ san alt seo) arna íoc ag an mbord amhlaidh in aghaidh na tréimhse ar ina leith a d’fhabhraigh na riaráistí, a dheimhniú don Aire,

féadfaidh an tAire na riaráistí a laghdú de mhéid na breise agus áireofar an méid sin mar mhéid a íocadh ar chuntas na híocaíochta iomchuí.”.

(2) Aisghairtear leis seo ailt 130(10), 152 agus 194 den Phríomh-Acht.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an lú lá d'Eanáir, 1992.

Liúntas leasa
forlíontach a ríomh.

45.—(1) Leasaítear leis seo fo-alt (2) d'alt 207 den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) más rud é gur daoine den teaghlach céanna—

(i) fearchéile agus banchéile, nó

(ii) fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta,

comhiomlánófar a riachtanais agus a n-acmhainn agus measfar gurb iad riachtanais agus acmhainn an éilitheora iad;”.

(2) Leasaítear leis seo alt 199 den Phríomh-Acht tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “faighteoir”:

“ciallaíonn ‘céile’—

(a) gach duine de lánúin phósta a chónaíonn le chéile, nó

(b) fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta.”.

Liúntas cothabhála
duine mhíchumasaithe.

46.—Leasaítear leis seo alt 69 den Acht Sláinte, 1970, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) San alt seo ciallaíonn ‘céile’—

(a) gach duine de lánúin phósta a chónaíonn le cheile, nó

(b) fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta.”.

47.—(1) Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 232A (a cuireadh isteach le halt 13 d’Acht 1984):

Forlíonadh ar ioncam teaghlaigh (léiriú).

“Léiriú.

232A.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘leanbh’, i ndáil le teaghlach, leanbh cáilithe mar a mhínítear in alt 2(1) a chónaíonn de ghnáth leis an teaghlach sin;

ciallaíonn ‘lánúin’ lánúin phósta nó fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta;

ciallaíonn ‘teaghlach’—

(a) duine atá ag gabháil d’fhostaíocht chúititheach lánaimseartha mar fhostaí, agus

(b) más duine de lánúin an duine sin a chónaíonn lena chéile nó lena céile nó a chothabhálann an céile sin go hiomlán nó go formhór, an céile sin, agus

(c) leanbh nó leanaí;

déanfar ‘forlíonadh ar ioncam teaghlaigh’ a fhorléiriú de réir alt 232B;

ciallaíonn ‘céile’ gach duine de lánúin i ndáil leis an duine eile;

ciallaíonn ‘ioncam seachtainiúil teaghlaigh’, faoi réir rialachán faoi alt 232F, an méid ioncaim a fhaigheann teaghlach in aon seachtain amháin lúide aon ioncam de chuid duine ar leanbh é i leith an teaghlaigh sin.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 24ú lá de Dheireadh Fómhair, 1991.

Míniú ar “céile”.

48.—(1) Leasaítear leis seo alt 4 d’Acht Uimh. 2 de 1985 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) San alt seo ciallaíonn ‘céile’—

(a) gach duine de lánúin phósta a chónaíonn le chéile, nó

(b) fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 11 d’Acht Uimh. 2 de 1985 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) San alt seo ciallaíonn ‘céile’—

(a) gach duine de lánúin phósta a chónaíonn le chéile, nó

(b) fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta.”.

(3) Leasaítear leis seo alt 1981 den Phríomh-Acht (a cuireadh isteach le halt 17 d’Acht 1990) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) San alt seo ciallaíonn ‘céile’—

(a) gach duine de lánúin phósta a chónaíonn le chéile, nó

(b) fear agus bean nach bhfuil pósta ar a chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar lánúin phósta.”.

Athcháiliú le haghaidh sochair dífhostaíochta.

49.—(1) Leasaítear leis seo alt 34(4) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) athcháileoidh sé chuige sin nuair a bheidh ranníocaí cáilitheacha aige i leith 13 sheachtain ranníoca a thosaigh nó a chríochnaigh tar éis an lae dheireanaigh dá raibh sé i dteideal an tsochair sin, agus”.

(2) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le duine a bhí, an 11ú lá d’Aibreán, 1991, ag fáil sochar dífhostaíochta ar feadh breis is 155 lá i dtréimhse dífhostaíochta.

50.—(1) Leasaítear leis seo alt 29(1) den Phríomh-Acht trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

Teideal chun sochair
dífhostaíochta
agus cúnaimh
dífhostaíochta.

“(b) na coinníollacha ranníoca in alt 30 a bheith comhlíonta aige, agus

(c) go gcruthóidh sé dífhostaíocht sa tslí fhorordaithe.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 138(1) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go bhfuil sé dífhostaithe agus go ndearna sé iarratas ar chúnamh dífhostaíochta sa tslí fhorordaithe agus go gcruthóidh sé dífhostaíocht sa tslí fhorordaithe;”.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla den alt seo.

51.—(1) Le linn forálacha alt 140(1)(b) (a cuireadh isteach le halt 25 d’Acht 1988) den Phríomh-Acht a chur i bhfeidhm i gcás cibé daoine nó aicmí daoine a fhorordófar, féadfar a fhoráil le rialacháin go dtabharfar neamhaird ar cibé slí a fhorordófar ar aon chuid d’acmhainn éilitheora, suas go méid nach mó ná £2.

Neamhaird
ar acmhainn i
gcás faighteoirí
áirithe cúnaimh
dífhostaíochta.

(2) Féadfaidh an tAire, d’ainneoin fhorálacha rialachán arna ndéanamh de bhun fho-alt (1) chun neamhaird a thabhairt ar acmhainn suas go £2 i gcás daoine nó aicmí daoine áirithe, forálacha alt 140(1)(b) a chur i bhfeidhm maidir leis na daoine nó leis na haicmí daoine sin tráth ar bith.

(3) Féadfaidh aon rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (1) a bheith leagtha amach ionas go mbeidh feidhm acu maidir leis an Stát go léir nó maidir le cuid nó codanna áirithe den Stát.

52.—(1) Leasaítear leis seo alt 135 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Tréimhse nasctha
in éilimh cúnaimh
dífhostaíochta.

“(2) Chun críocha na Caibidle seo, déanfar aon 3 lá dífhostaíochta, bídis nó ná bídis comhleanúnach, laistigh de thréimhse 6 lá chomhleanúnacha a áireamh mar thréimhse leanúnach dífhostaíochta, agus déanfar aon dá thréimhse den sórt

sin nach bhfuil tréimhse is mó ná 52 sheachtain eatarthu a áireamh mar thréimhse amháin leanúnach dífhostaíochta, agus forléireofar dífhostaithe go leanúnach dá réir sin.”.

(2) Leasaítear leis seo fo-alt (2) d’alt 150 den Phríomh-Acht trí “52 sheachtain” a chur in ionad “20 seachtain”.

Fógra i dtaobh méadaithe ar acmhainn.

53.—Leasaítear leis seo alt 172 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás—

(a) pinsean seanaoise a bheith á fháil ag duine nó éileamh ar phinsean nár cinneadh go críochnaitheach a bheith déanta aige, agus

(b) (i) ioncam an duine sin in airgead, nó

(ii) an méid maoine atá ag an duine sin nó a úsáideann nó a theachtann sé go pearsanta,

a bheith méadaithe ón dáta deiridh a ndearnadh imscrúdú faoi nó, mura ndearnadh aon imscrúdú den sórt sin, ón dáta a rinneadh an t-éileamh, déanfaidh an duine, sula mbeidh an tréimhse trí mhí tar éis dheireadh na míosa inar tharla an méadú sin caite, fógra i dtaobh an mhéadaithe a thabhairt, nó a chur faoi deara go dtabharfar é, don Aire.

Buiséadú i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh.

54.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforálfar go bhfeadfaidh an tAire, i gcás go dtoilíonn faighteoir aon sochair, pinsin, cúnaimh, liúntais nó forlíonta, méid den sochar, den phinsean, den chúnamh, den liúntas nó den fhorlíonadh sin a chinnfear trí chomhchomhairliúchán agus comhaontú idir an tAire agus an faighteoir sin, a choinneáil siar agus a íoc ar leithligh le cibé comhlacht sonraithe a ainmneoidh an faighteoir.

(2) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (1), féadfar, go sonrach agus gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt sin, foráil a dhéanamh leo—

(a) le haghaidh toiliú an fhaighteora a tharraingt siar,

(b) le haghaidh an ama agus an mhodha ina ndéanfar an tarraingt siar sin, agus

(c) le haghaidh choigeartú ar mhéid sochair, pinsin, cúnaimh, liúntais nó forlíonta de thoradh na tarraingthe siar sin.

(3) San alt seo ciallaíonn “comhlacht sonraithe” údarás áitiúil (chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941), nó aon chomhlacht eile arna bhunú—

(a) le haon achtachán nó faoi aon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990), nó

(b) faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtacháin eile nó fúthu, agus a mhaoinear go hiomlán nó go páirteach trí bhíthin airgid arna sholáthar ag Aire den Rialtas nó trí iasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú aige, nó trí eisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar a cheann agus fochuideachta d’aon chomhlacht den sórt sin.

55.—(1) Leasaítear leis seo alt 22 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le halt 23 d’Acht 1988): Ré iocaíochta sochair míchumais.

“(1) I gcás—

(a) ranniocaí cáilitheacha a bheith ag duine i leith níos lú ná 260 seachtain rannioca sa tréimhse ó theacht faoi árachas dó go dtí aon lá éagumais chun oibre, agus

(b) roimh an lá sin, go raibh teideal ag duine, i leith aon tréimhse bearnaithe fostaíochta (cibé acu is cuid di an lá sin nó nach ea) le linn na tréimhse dar tosach an dáta trí bliana díreach roimh an lá sin, chun sochair míchumais in aghaidh 312 lá,

ní bheidh teideal aige chun sochair míchumais in aghaidh an lae sin mura rud é gur athcháiligh sé chun sochair tar éis an lae deiridh de na 312 lá sin agus roimh an lá sin.

(1A) D’ainneoin fho-alt (1), i gcás a theideal chun sochair míchumais a bheith ídithe ag duine in aon tréimhse, ní athcháileoidh sé chuige mura gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha atá leagtha amach i bhfo-alt (2).”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le haon éileamh ar shochair míchumais a gheofar an 8ú lá d’Aibreán, 1991, nó dá éis.

Acmhainn a
mheasúnú.

56.—Leasaítear leis seo mír (4) (arna leasú le halt 13 d’Acht 1990) de Riail 1 den Tríú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí “agus lena n-áirítear freisin cibé sochair eile nach in airgead agus cibé ioncam arna fháil ag leanbh cáilithe nó ag leanaí cáilithe de réir mar a fhorordófar” a chur isteach i ndiaidh “luain phearsanta”.

Ceadú an Aire
Airgeadais i ndáil le
rialacháin áirithe.

57.—Leasaítear leis seo alt 3(4) den Phríomh-Acht trí “19(1)(4)” a chur ionad “19(4)”, trí “30(1)(4)” a chur in ionad “30(4)”, trí “78(5)(6), 79(7)(9)(14)” a chur in ionad “79(7)(9)”, trí “83(6)(7), 84(3)(4)(6)” a chur in ionad “84(3)(4)” agus trí “89(1)(4)” a chur in ionad “89(4)”.

Aisghairm.

58.—Aisghairtear leis seo gach foráil den Phríomh-Acht a luaitear i gcolún (1) de Sceideal D a ghabhann leis an Acht seo a mhéid a shonraítear i gcolún (2) den Sceideal sin os coinne lua na forála sin i gcolún (1).

Rialacháin i ndáil le
sochar nó cúnamh.

59.—Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le haon sochar, pinsean, cúnamh, liúntas nó forlíonadh faoin bPríomh-Acht agus féadfaidh na rialacháin aon fhorálacha den Phríomh-Acht, nó aon rialacháin faoi, a chur i bhfeidhm (modhnaithe nó gan mhodhnú) nó forálacha a dhéanamh (modhnaithe nó gan mhodhnú) ar comhréir le haon fhorálacha den Phríomh-Acht nó le rialacháin faoi.

CUID VIII

LEASUITHE AR ACHT NA bPINSEAN

An Bord d’fháil
iasachtaí.

60.—Leasaítear leis seo Acht na bPinsean tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 20:

“An Bord d’fháil
iasachtaí.

20A.—Féadfaidh an Bord, ó am go ham, chun foráil a dhéanamh do chaiteachas reatha nó caipitiúil, airgead lena n-áirítear airgead in airgead reatha seachas airgead reatha an Stáit, a fháil ar iasacht (cibé acu ar urrús shócmhainní an Bhoird nó ar shlí eile), faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais agus cibé coinníollacha a chinnfidh siad.”.

61.—Leasaítear leis seo alt 37 d’Acht na bPinsean tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4): Leasú ar alt 37 d’Acht na bPinsean.

“(5) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le scéim arna bhunú faoi na hAchtanna Fórsaí Cosanta (Pinsín), 1932 go 1975.”.

62.—Leasaítear leis seo alt 55 d’Acht na bPinsean tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2): Leasú ar alt 55 d’Acht na bPinsean.

“(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) den alt seo—

- (a) maidir le scéim arb é an t-aon sochar amháin fúithi sochar i leith báis roimh ghnáth-aois inphinsin, nó
- (b) maidir le scéim a mbeidh na hiontaobhaithe tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt dá comhaltaí á rá nach dtugann seirbhís ag comhalta san fhostaíocht iomchuí tar éis dháta an fhógra teideal don chomhalta chuig sochar fadseirbhíse.”.

63.—Leasaítear leis seo alt 56 d’Acht na bPinsean tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6): Leasú ar alt 56 d’Acht na bPinsean.

“(6) (a) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) ná ag míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (2)—

- (i) maidir le scéim nach scéim mhaoinithe, nó
 - (ii) maidir le scéim arb é an t-aon sochar amháin fúithi sochar i leith báis roimh ghnáth-aois inphinsin, nó
 - (iii) maidir le scéim a mbeidh na hiontaobhaithe tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt dá comhaltaí á rá nach dtugann seirbhís ag comhalta i bhfostaíocht iomchuí tar éis dháta an fhógra teideal don chomhalta chuig sochar fadseirbhíse faoin scéim.
- (b) Ní bheidh feidhm ag mír (c) d’fho-alt (2)—
- (i) maidir le scéim ar scéim ranníoca shainithe í, nó
 - (ii) maidir le scéim nach scéim mhaoinithe, nó

(iii) maidir le scéim arb é an t-aon sochar amháin fúithi sochar i leith báis roimh ghnáth-aois inphinsin, nó

(iv) maidir le scéim a mbeidh na hiontaobhaithe tar éis fôgra i scríbhinn a thabhairt dá comhaltaí á rá nach dtugann seirbhís ag comhalta i bhfostaíocht iomchuí tar éis dháta an fhógra teideal don chomhalta chuig sochar fadseirbhíse faoin scéim.”.

Leasú ar an Tríú
Sceideal a ghabhann le
hAcht na bPinsean.

64.—Leasaítear leis seo mír 4(b) den Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na bPinsean—

(a) trí “chlásal (ii)” a chur in ionad “chlásal (iii)”, i gclásal (i), agus

(b) tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásail (ii) agus (iii):

“(ii) i gcás scéime sochair shainithe, más rud é go ndéanfar ráta nó méid chuid den sochar fadseirbhíse is iníoctha fúithi a chinneadh go díreach faoi threoir méid ranníoca a bheidh íoctha ag an gcomhalta den scéim nó ina leith—

(I) a mhéid a bhaineann leis an gcuid sin den sochar fadseirbhíse, sochar arb ionann a luach achtúireach agus an luach carnaithe a bheidh, an tráth sin, ag na ranníocaí a bheidh íoctha ag an gcomhalta den scéim, nó ina leith, chun críche sochair fadseirbhíse roimh thosach feidhme Chuid IV, agus

(II) a mhéid a bhaineann leis an gcuid eile den sochar fadseirbhíse, sochar arna ríomh de réir chlásal (i).”.

Alt 3.

SCEIDEAL A

“AN DARA SCEIDEAL NA RÁTAÍ SOCHAR

CUID I

NA RÁTAÍ SOCHAR TRÉIMHSIÚIL AGUS NA MÉADUITHE ORTHU

An cineál sochair	An ráta seachtainiúil	An méadú i leith cleithiúnai aosaithe (más inioctha)	An méadú i leith gach linbh i gcás an chéad agus an dara leanbh cáilithe (más inioctha)	An méadú i leith gach linbh cháilithe de bhreis ar bheirt (más inioctha)	An méadú i leith gaoil fhorordaithe faoi alt 50(11), 51(2), 81(3), 86(3), 91(3), 95(2), nó 103(2) (más inioctha)	An méadú i gcás aois inphinsin a bheith slánaithe ag an duine agus é ina chónaí ina aonar (más inioctha)	An méadú i gcás 80 bliain d'aois a bheith slánaithe ag an duine (más inioctha)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
	£	£	£	£	£	£	£
1. Sochar Míchumais agus Sochar Dífhostaíochta	50.00	33.00	12.00	12.00	—	—	—
2. Liúntas Máithreachais	50.00	—	12.00	12.00	—	—	—
3. Sochar Díobhála	65.00	33.00	12.00	12.00	—	—	—
4. Sochar Báis:							
(a) pinsean is inioctha le baintreach (alt 50(2)) nó le baintreach fir (alt 50(6))	73.80	—	15.60	15.60	30.60	4.30	—
(b) pinsean is inioctha le tuismitheoir							
(i) ráta laghdaithe	33.20	—	—	—	30.60	4.30	—
(ii) ráta uasta	73.80	—	—	—	30.60	4.30	—
(c) pinsean is inioctha le dílleachta	38.40	—	—	—	—	—	—
5. Pinsean Seanaoise (Ranníocach) agus Pinsean Scoir	64.00	40.80	14.00	12.00	30.60	4.30	4.20
méadú breise i leith cleithiúnai aosaithe a bhfuil aois inphinsin slánaithe aige	—	5.20	—	—	—	—	—
6. Pinsean Easláine	56.40	37.20	14.00	12.00	30.60	4.30	—
7. Pinsean Baintrí (Ranníocach) agus Sochar Bancéile Thréigthe	58.20	—	15.60	15.60	30.60	4.30	4.20
8. Liúntas Dílleachta (Ranníocach)	35.00	—	—	—	—	—	—

CUID II

SOCHAIR DHÍOBHÁLACHA CEIRDE — AISCÍ AGUS DEONTAS

1. Sochar Mithreorach:	£
Aisce uasta	5,260
2. Sochar Báis:	
(i) Aisce bhaintrí	3,840
(ii) Deontas i leith costas sochraide	260

CUID III

PINSEAN MÍTHREORACH

An grád mithreorach	An ráta seachtainiúil
(1)	(2)
	£
100 faoin gcéad	75.40
90 " "	67.90
80 " "	60.30
70 " "	52.80
60 " "	45.20
50 " "	37.70
40 " "	30.20
30 " "	22.60
20 " "	15.10

CUID IV

MÉADUITHE AR PHINSEAN MÍTHREORACH

1. Méadú i gcás an duine a bheith éagumasach go buan chun oibre ...	50.00
2. Méadú i gcás sior-fhreastal a bheith ag teastáil ón tairbhí:	
(a) teorainn an mhéadaithe ach amháin i gcásanna mithreorach fíor-dhona... ..	30.60
(b) teorainn in aon chás	61.20

”

Alt 4.

SCEIDEAL B

“AN CEATHRÚ SCEIDEAL
NA RÁTAÍ CÚNAIMH

CUID I

NA RÁTAÍ CÚNAIMH SHÓISIALAIGH THRÉIMHSIÚIL AGUS NA MÉADUITHE ORTHU

An cineál sochair, pinsin nó liúntais (1)	An ráta seachtainiúil (2)	An méadú i leith cleithiúnai aosaithe (más iníoctha) (3)	An méadú i leith gach línbh i gcás an chéad agus an dara leanbh cáilithe (más iníoctha) (4)	An méadú i leith gach línbh cháilithe de bhreis ar bheirt (más iníoctha) (5)	An méadú i leith gaoil fhorordaithe faoi alt 162(1) (a), 179 (a), 195 (2) nó 196(2) (más iníoctha) (6)	An méadú i gcás aois inphinsin a bheith slánaithe ag an duine agus é ina chónaí ina aonar (más iníoctha) (7)	An méadú i gcás 80 bliain d'aois a bheith slánaithe ag an duine (más iníoctha) (8)
	£	£	£	£	£	£	£
1. Cúnamh Dífhostaíochta:							
(a) i gcás daoine a raibh, in aon tréimhse leanúnach dífhostaíochta arna fhorléiriú de réir alt 135(2), sochar dífhostaíochta nó cúnamh dífhostaíochta á fháil acu ar feadh 390 lá ar a laghad	55.00	33.00	12.00	12.00	—	—	—
(b) i gcás daoine seachas iad sin ag (a) ...	50.00	33.00	12.00	12.00	—	—	—
2. Liúntas Réamhscoir ...	55.00	33.00	12.00	12.00	—	—	—
3. Pinsean Seanaoise agus Pinsean Dall	55.00	—	12.00	12.00	30.60	4.30	4.20
4. Pinsean Baintrí (Neamhranníocach), Liúntas Banchéile Thréigthe agus Liúntas do Bhanchéile Priosúnaigh ...	55.00	—	—	—	30.60	4.30	4.20
5. Liúntas Tuismitheora Aonair ...	55.00	—	14.00	14.00	30.60	4.30	4.20
6. Liúntas Cúramóra ...	50.00	—	12.00	12.00	—	—	—
7. Pinsean Dilleachta (Neamhranníocach) ...	31.20	—	—	—	—	—	—
8. Liúntas do Bhean Shingil ...	55.00	—	—	—	—	—	—
9. Liúntas Leasa Forlíontach ...	50.00	33.00	12.00	12.00	—	—	—

CUID III

AN MÉADÚ AR PHINSEAN SEANAIOISE I LEITH CÉILE

Acmhainn an éilitheora nó an phinsinéara	Ráta seachtainiúil an mhéadaithe
	£
Má bhíonn acmhainn sheachtainiúil an éilitheora nó an phinsinéara gan bheith níos nó ná £6	28.00
níos mó ná £6 gan bheith níos mó ná £8	27.00
níos mó ná £8 gan bheith níos mó ná £10	26.00
níos mó ná £10 gan bheith níos mó ná £12	25.00
níos mó ná £12 gan bheith níos mó ná £14	24.00
níos mó ná £14 gan bheith níos mó ná £16	23.00
níos mó ná £16 gan bheith níos mó ná £18	22.00
níos mó ná £18 gan bheith níos mó ná £20	21.00
níos mó ná £20 gan bheith níos mó ná £22	20.00
níos mó ná £22 gan bheith níos mó ná £24	19.00
níos mó ná £24 gan bheith níos mó ná £26	18.00
níos mó ná £26 gan bheith níos mó ná £28	17.00
níos mó ná £28 gan bheith níos mó ná £30	16.00
níos mó ná £30 gan bheith níos mó ná £32	15.00
níos mó ná £32 gan bheith níos mó ná £34	14.00
níos mó ná £34 gan bheith níos mó ná £36	13.00
níos mó ná £36 gan bheith níos mó ná £38	12.00
níos mó ná £38 gan bheith níos mó ná £40	11.00
níos mó ná £40 gan bheith níos mó ná £42	10.00
níos mó ná £42 gan bheith níos mó ná £44	9.00
níos mó ná £44 gan bheith níos mó ná £46	8.00
níos mó ná £46 gan bheith níos mó ná £48	7.00
níos mó ná £48 gan bheith níos mó ná £50	6.00
níos mó ná £50 gan bheith níos mó ná £52	5.00
níos mó ná £52 gan bheith níos mó ná £54	4.00
níos mó ná £54 gan bheith níos mó ná £56	3.00
níos mó ná £56 gan bheith níos mó ná £58	2.00
níos mó ná £58	Neamhni

”.

Alt 39.

SCEIDEAL C

An Fhoráil den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, a Leasaítear (1)	An Cineál Leasaithe (2)
Alt 2(1) (arna leasú le halt 17 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979)	“ranníoc iomarcaíochta fostóra” a scriosadh.
Alt 5(1)	“28(3),” a scriosadh.
Alt 27 (a cuireadh isteach le halt 26 (b) d’Acht 1990)	An t-alt seo a leanas a chur in ionad alt 27: “27.— Déanfar gach airgead a gheobhaidh an tAire faoin Acht seo a íoc isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus déanfar gach íocaíocht a dhéanfar de bhun an Achta seo a íoc as an gCiste sin.”.
Alt 28 (a cuireadh isteach le halt 3 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979)	An t-alt sin a scriosadh.
Alt 33	An t-alt sin a scriosadh.
Alt 38(1)	Mír (d) a scriosadh.
Alt 39(15)	“38(1)(d),” a scriosadh agus “, 1952 go 1966” a scriosadh.
Alt 42(1) agus (3) (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979)	“(seachas ranníoc iomarcaíochta fostóra lena mbaineann alt 28 (a cuireadh isteach leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979))”.
Alt 44	An t-alt seo a leanas a chur in ionad alt 44: “44.— Beidh feidhm ag alt 115 (seachas fo-ailt (3) agus (5) de) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981, maidir le sochair faoin Acht seo mar atá feidhm aige maidir le sochair agus íocaíochtaí eile faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981.”.
Alt 50	An t-alt sin a scriosadh.

Alt 58.

SCEIDEAL D

AN PRÍOMH-ACHT A AISGHAIRM

An Fhoráil den Phríomh-Acht (1)	Méid na hAisghairme (2)
Alt 135	fo-alt (2A)
Alt 148	fo-alt (4)
Alt 156C(2)	mír (<i>d</i>)
Alt 170	fo-alt (4)
Alt 189(1)	mír (<i>b</i>)
Alt 189	fo-alt (3)
Alt 195(4)	mír (<i>b</i>)
Alt 196	fo-alt (5)
Alt 198	fo-alt (3)
Alt 198F	mír (<i>b</i>)
Alt 198L(2)	mír (<i>a</i>)
Alt 219(1)	mír (<i>a</i>)
Alt 232(1)	mír (<i>b</i>)
Alt 232(1)	mír (<i>j</i>)
Alt 232F(2)	mír (<i>e</i>)